Coimisiún na Meán

# Freagra ar Chomhairliúchán: Cód Sábháilteachta ar Líne

Dáta foilsithe: 27 Márta 2024

# Mínitheoir

Is freagra atá sa doiciméad seo ar chomhairliúchán, tar éis an chomhairliúcháin phoiblí a rinne Coimisiún na Meán ar dhréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne.

Fuair Coimisiún na Meán 1,398 aighneacht ar a chomhairliúchán poiblí idir an 8 Nollaig 2023 agus an 31 Eanáir 2024. Chuaigh Coimisiún na Meán i gcomhairle lena Choiste Comhairleach don Ógra freisin. Is féidir teacht ar an doiciméad um chomhairliúchán poiblí anseo.

Sa doiciméad seo tugtar freagra ar na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas.

Mínítear sa doiciméad seo athstruchtúrú an dréacht-Chóid Sábháilteachta Ar Líne ina "**Cuid A**" agus ina "**Cuid B**". Is féidir teacht ar ábhar an Chóid anseo.

Cuimsíonn **Cuid A** an comhthéacs reachtach agus rialála don Chód, chomh maith le hoibleagáidí ginearálta atá le forchur ar sholáthraithe VSPS.

Rinneadh roinnt athruithe ar na hoibleagáidí níos sonraí a ndeachaigh Coimisiún na Meán i gcomhairle maidir leo roimhe seo. Molann Coimisiún na Meán na hoibleagáidí sonracha athbhreithnithe sin a ghlacadh i **gCuid B** anois. Leagtar amach sa doiciméad seo na hathruithe a rinneadh ar na hoibleagáidí sin agus tugtar cúiseanna leis na hathruithe céanna.

Níl an Cód Sábháilteachta Ar Líne críochnaitheach go fóill. Tá an dréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne athbhreithnithe ina iomláine á chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ag Coimisiún na Meán anois faoi Threoir (AE) 2015/1535 ("**Treoir TRIS**"). Tá próiseas bainteach leis sin ar dócha go mbeidh trí (3) go ceithre (4) mhí i gceist leis. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach agus tíortha eile den Aontas Eorpach barúlacha a thabhairt nó tuairimí a chur isteach ar an gCód le linn an phróisis sin.

Tar éis an phróisis faoi Threoir TRIS, tabharfaidh Coimisiún na Meán an Cód chun críche agus foilseoidh sé cinneadh críochnaitheach. Beidh an Cód ina cheangal ar na seirbhísí a bhfuil feidhm aige maidir leo.

Níl an Cód Sábháilteachta Ar Líne críochnaitheach go fóill. Coimeádann Coimisiún na Meán an seasamh atá aige chun bearta a dhéanamh, is bearta a ndeachaigh sé i gcomhairle maidir leo, bíodh leasú i gceist leo nó ná bíodh.

# Clár Ábhar


**Réamhrá** **6**

**1. Réamhrá** **7**

1.1. Cuspóir an fhreagra ar chomhairliúchán 7

1.2. Coiste Comhairleach don Ógra 8

1.3. Rannpháirtíocht eile 8

**2. Cód Sábháilteachta ar Líne** **9**

2.1 Cúlra 9

2.2 Na céimeanna atá romhainn 10

2.3. Ábhair le breithniú a dhéanamh orthu 10

**3. Ábhar Treorach Reachtúil** **12**

3.1. Cúlra 12

3.2. Na céimeanna atá romhainn 12

**4. Bearta forlíontacha agus treoir ghaolmhar** **13**

4.1. Cúlra 13

4.2. Na céimeanna atá romhainn 13

**5. Forbhreathnú ar an gcomhairliúchán agus freagra an Choimisiúin** **15**

5.1. Forálacha tosaigh 20

5.2. Sainmhínithe 23

5.3. Téarmaí agus Coinníollacha: Ábhar 29

5.4. Cuntais a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh 31

5.5. Tuairisciú agus Marcáil 33

5.6. Fíorú Aoise 36

5.7. Rátáil Ábhair 40

5.8. Rialúcháin Tuismitheoirí 42

5.9. Gearáin 45

5.10. Téarmaí agus Coinníollacha: Cumarsáid Tráchtála Chlosamhairc 47

5.11. Litearthacht sna meáin 50

5.12. Sonraí pearsanta leanaí 52

5.13. Tuairisciú 53

5.14. Maoirseacht agus forfheidhmiú an Chóid 55

**Iarscríbhinn 1: Ábhair le breithniú a dhéanamh orthu 56**

Fianaise 56

Ábhair shonracha le breithniú a dhéanamh orthu faoi 139M 57

**Iarscríbhinn 2: Maoirsiú agus Forfheidhmiú 62**

# Réamhrá

Tá Coimisiún na Meán buíoch as an rannpháirtíocht shuntasach a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar an dréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne. Cuireadh thart ar 1,400 freagra isteach, inar léiríodh raon leathan dearcthaí ó dhaoine aonair, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an saol acadúil, tionscal, agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais. Chuamar i gcomhairle lenár gCoiste Comhairleach don Ógra freisin, lena chinntiú go léiríonn forálacha ár gCóid eispéiris fíorshaoil daoine óga ar líne.

Bhaineamar tairbhe freisin as rannpháirtíocht luachmhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA). Is dúshlán comhroinnte trasteorann í an tsábháilteacht ar líne, agus mar sin is fíorthábhachtach dúinn dearcthaí ár gcomhghleacaithe Eorpacha, agus ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta i Líonra na Rialálaithe Domhanda um Shábháilteacht ar Líne. Is in Éirinn atá ceanncheathrú Eorpach roinnt ardáin mhóra comhroinnte físeán, agus mar sin tá freagracht orainn rialacha láidre éifeachtacha a leagan síos a théann chun tairbhe do dhaoine fásta agus do leanaí in Éirinn agus ar fud an Aontais Eorpaigh.

D'éisteamar go cúramach leis an aiseolas a fuarthas sa chomhairliúchán poiblí agus rinneamar leasuithe stuama ar ár gCód, atá á gcur in iúl anois againn don Choimisiún Eorpach trí bhíthin phróiseas na Treorach um Chóras Faisnéise um Rialacháin Theicniúla (TRIS). Nuair a bheidh an próiseas seo críochnaithe, cuirfidh Coimisiún na Meán an Cód i bhfeidhm ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán atá bunaithe in Éirinn.

Léiríodh go soiléir sa phróiseas comhairliúcháin an dúshlán leanúnach a bhaineann le déileáil leis na díobhálacha a bhíonn os comhair daoine ar líne. Baineann tionchair fíorshaoil leis na díobhálacha ar líne sin, agus is fíordhiúltach na tionchair a bhíonn acu ar an daonlathas agus ar an tsochaí. Imeallaítear grúpaí áirithe, lena n-áirítear mná, pobail LADTIA+ agus mionlaigh eitneacha agus cuirtear faoi réir drochíde mhéadaithe ar líne iad, agus is amhlaidh atá daoine deighilte go hiomlán anois faoi chúrsaí áirithe – fiú ó chuamar i gcomhairle maidir lenár dréacht-chód sábháilteachta ar líne. Tugtar aghaidh sa Chód ar ghríosú chun fuatha agus foréigin.
Is iad ábhar sceimhlitheoireachta agus ábhar a bhaineann le mí-úsáid ghnéis ar leanaí na cineálacha ábhair is tromchúisí a dtugtar aghaidh orthu sa Chód. Tugtar aghaidh sa Chód freisin ar roinnt catagóirí ábhair a bhfuil tionchar diúltach acu ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus folláine leanaí, lena n-áirítear an chibearbhulaíocht, ábhar a chuireann neamhoird itheacháin/beathaithe nó féindochar agus féinmharú chun cinn, chomh maith le dúshláin chontúirteacha.

Aithnímid go bhfuil gá le hiarracht chomhbheartaithe ó gach duine againn chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Is saincheist don tsochaí ina hiomláine í seo, mar a bhfuil ról ríthábhachtach ag reachtaíocht, taighde acadúil, tionscnaimh oideachais, treoir tuismitheora, leanaí cumasaithe, cuntasacht ardáin, agus rialáil. Is é an fhreagracht atá orainn mar rialtóir ná na rialacha a leagan amach agus ardáin a thabhairt chun cuntais ar mhaithe linne uile agus ár bpáistí a choinneáil sábháilte ar líne.

Sa doiciméad seo tugtar achoimre ar na príomhthéamaí agus na príomhábhair imní a tarraingíodh anuas le linn an chomhairliúcháin agus leagtar amach an chaoi a léirítear sa Chód nuashonraithe iad. Cuimsíonn ár gCreat Sábháilteachta Ar Líne an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha freisin mar a n-oibrímid go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne, mar a n-oibrímid go dlúth leis an nGarda Síochána. Beidh cur i bhfeidhm an Chóid, mar chuid den Chreat Iomlán Sábháilteachta ar Líne de chuid Choimisiún na Meán, ina mhórathrú chun feabhas a chur ar eispéiris ar líne. Táimid tiomanta i gcónaí do thimpeallacht ar líne a bheidh níos sábháilte agus níos ionchuimsithí a chothú do chách.

Niamh Hodnett
An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne
Bealtaine 2024

# 1. Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán (an "Coimisiún") rialtóir na hÉireann le haghaidh craolacháin, físeáin ar éileamh, sábháilteacht ar líne agus forbairt na meán. Bunaíodh an Coimisiún i mí an Mhárta 2023 de bharr Acht Craolacháin 2009 arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 ("Acht 2009 arna leasú" nó "an tAcht"). Tá raon feidhmeanna agus cumhachtaí ag an gCoimisiún, lena n-áirítear caighdeáin, rialacha, agus cóid a leagan síos do na cineálacha éagsúla seirbhísí meán agus seirbhísí ábhartha ar líne faoi dhlínse na hÉireann.

Ar an 8 Nollaig 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad comhairliúcháin inar iarradh aighneachtaí go dtí an 19 Eanáir 2024 i ndáil le:

1. Dréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne;
2. Dréacht-ábhair treorach reachtúla;
3. Cur i bhfeidhm beartaithe an Chóid Sábháilteachta Ar Líne maidir le catagóir na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ("VSPS"); agus
4. Bearta forlíontacha lena mbreithniú tuilleadh.

Cuireadh síneadh leis an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí ina dhiaidh sin go dtí an 31 Eanáir 2024.

Fuair an Coimisiún 1,398 aighneacht ar a chomhairliúchán ó bhaill den phobal, ó Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), eagraíochtaí cearta sibhialta, tionscal agus comhlachais tionscail, rialtóirí idirnáisiúnta, agus an saol acadúil.

Rinneadh cóipeanna de na haighneachtaí a fuarthas a fhoilsiú ar leithligh, agus is féidir teacht orthu anseo. D'ullmhaigh Wagner-Hatfield achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas ar son an Choimisiúin, agus is féidir teacht uirthi anseo.

Cuireadh bonn eolais faoi fhorbairt agus athbhreithniú an Chóid le roinnt foinsí fianaise, lena n-áirítear:

- Freagraí ar an nGlao ar Ionchuir maidir leis an gCéad Chód Ceangailteach um Shábháilteacht ar Líne in Éirinn do Sheirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán a Fhorbairt (Iúil 2023);
- Athbhreithniú ar Fhianaise ar Dhíobhálacha ar Líne do Sheirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán, arna dhéanamh ag PA Consulting ("Tuarascáil PA ar Dhíobhálacha") (Meán Fómhair 2023);
- Taighde ar Shábháilteacht Ar Líne 2023 (Samhain 2023);
- Freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí; agus
- Comhairliúchán leis an gCoiste Comhairleach don Ógra de chuid an Choimisiúin.

Tugtar tuilleadh eolais faoi bhonn fianaise an Choimisiúin in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an doiciméad seo.

## 1.1. Cuspóir an fhreagra ar chomhairliúchán

I gcomhréir leis na Treoirlínte Comhairliúcháin a d'fhoilsigh an Coimisiún i mí an Mheithimh 2023, ar féidir teacht orthu anseo, tá an freagra ar chomhairliúchán á fhoilsiú ag an gCoimisiún tar éis a phróisis comhairliúcháin.

Tá breithniú déanta ag an gCoimisiún ar na haighneachtaí a rinneadh. Ag féachaint go cuí do na haighneachtaí ina n-iomláine, d'fheidhmigh an Coimisiún a bhreithiúnas agus tháinig sé ar a chuid tuairimí ar an dréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne.

Leagtar amach sa fhreagra seo ar chomhairliúchán na príomh-shaincheisteanna a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán agus déantar achoimre ar an gcaoi a gcuirtear saincheisteanna áirithe a tarraingíodh anuas le linn an chomhairliúcháin san áireamh sa Chód athbhreithnithe. I bhfianaise raon agus líon na bhfreagraí ar chomhairliúchán, níl sé i gceist go mbeadh sé uileghabhálach. Níor cheart glacadh le mainneachtain tagairt a dhéanamh d’aon saincheist shonrach mar mhainneachtain ar thaobh an Choimisiúin féachaint d’aon aighneacht ar leith nó do na haighneachtaí ina n-iomláine.

Coimeádann an Coimisiún an ceart, i bhfeidhmiú a lánrogha, chun bearta a dhéanamh, is bearta a ndeachaigh sé i gcomhairle maidir leo, bíodh leasú i gceist leo nó ná bíodh.

Leagtar amach sa doiciméad seo na hathruithe a rinneadh maidir leis an dréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne a foilsíodh an 8 Nollaig 2023. Foilseofar an dréacht-treoir reachtúil maille leis an gCód Sábháilteachta Ar Líne deiridh tar éis phróiseas TRIS. Tá na dréachtbhearta forlíontacha a bhí ag gabháil leis an dréacht-Chód comhairliúcháin fós á mbreithniú ag an gCoimisiún.

## 1.2. Coiste Comhairleach don Ógra

De bhun alt 19 den Acht, chuir an Coimisiún Coiste Comhairleach don Ógra ar bun, a chuidíonn leis an gCoimisiún agus a thugann comhairle dó i bhfeidhmiú a fheidhmeanna sábháilteachta ar líne a bhaineann le leasanna leanaí agus daoine atá 25 bliain d’aois agus faoina bhun, agus ar cibé nithe eile den sórt sin a fhéadfaidh an Coimisiún a chinneadh.

De bhun alt 139N den Acht, is gá don Choimisiún dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach don Ógra roimh chód sábháilteachta ar líne a dhéanamh.

Tráth an fhoilsithe, tháinig an Coiste Comhairleach don Ógra le chéile dhá uair: an 19 Nollaig 2023 agus an 17 Eanáir 2024.

Ag cruinniú an 17 Eanáir 2024, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach don Ógra maidir leis an dréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne, ábhair treorach reachtúla, cur i bhfeidhm an Chóid maidir le catagóir VSPS, agus bearta forlíontacha beartaithe. Is féidir teacht ar an tuarascáil chomhairliúcháin anseo.

Leanfaidh an Coiste Comhairleach don Ógra de bheith ag cuidiú leis an gCoimisiún agus de chomhairle a thabhairt dó maidir leis an gCód Sábháilteachta Ar Líne agus ábhair ghaolmhara.

## 1.3. Rannpháirtíocht eile

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil ar bhonn suntasach le Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (“ERGA”) maidir leis an gCód, lena n-áirítear trí bhíthin ceardlainne arna reáchtáil an 19 Meán Fómhair 2023 agus an 13 Nollaig 2023.

Is amhlaidh a chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach freisin, agus leanfaidh sé de bheith i dteagmháil leis, i ndáil leis an dréacht-Chód comhairliúcháin agus an dréacht-Chód athbhreithnithe.

# 2. Cód Sábháilteachta ar Líne

## 2.1 Cúlra

Féadfaidh an Coimisiún Cóid Sábháilteacht Ar Líne a dhéanamh faoi alt 139K den Acht.

Tá sé beartaithe leis an gcéad Chód a bheidh le foilsiú ag an gCoimisiún go dtabharfaí aghaidh ar ábhar dochrach agus mídhleathach ar VSPS.

Forbraíodh an dréacht-Chód athbhreithnithe, agus rinneadh athbhreithniú air ina dhiaidh sin, lena áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe VSPS bearta atá iomchuí chun na cosaintí a leagtar amach in Airteagal 28b(1)(a), (b) agus (c) den Treoir Athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("Treoir AVMS") a sholáthar.

Tá sé beartaithe freisin a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe VSPS bearta iomchuí chun na cosaintí dá dtagraítear in Airteagal 28b(2) de Threoir AVMS a sholáthar, lena n-áirítear bearta dá dtagraítear in Airteagal 28b(3) de Threoir AVMS, agus ceanglais Airteagal 9(1) de Threoir AVMS a chomhlíonadh.

A luaithe a ghlacfar an Cód ina iomláine, beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán ar an VSPS arna rialú leis an gCód. Beidh feidhm ag forálacha an Chóid maidir le gach seirbhís den sórt sin.

Oibreoidh an Cód i gcomhar le bearta eile chun úsáideoirí a chosaint ó dhíobháil ar líne, lena n-áirítear Rialacháin AE (2022/2065) (an "Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha") agus AE (2021/784) (an "Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne" nó "TCOR"). Tá freagrachtaí ar an gCoimisiún freisin mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na hÉireann, rud a chiallaíonn go ndéanann sé maoirseacht ar chur chun feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha le haghaidh seirbhísí ar líne atá bunaithe in Éirinn; is údarás inniúil faoi TCOR é freisin.

De bharr an phróisis comhairliúcháin, rinne an Coimisiún athstruchtúrú ar a dhréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne ina **Cuid A** agus ina **Cuid B**. Is féidir teacht ar an dréacht-Chód athbhreithnithe anseo.

**Cuid A**

Is é an rud atá i gCuid A ná forálacha tosaigh agus oibleagáidí ginearálta a mbeidh feidhm acu maidir le soláthraithe VSPS. Tá sé beartaithe le forálacha Chuid A go léireofaí ceanglais Threoir AVMS agus alt 139K(3) d'Acht 2009 arna leasú.

Le Cuid A déantar foráil maidir leis na bearta atá in Airteagal 28b de Threoir AVMS. Tá feidhm aici maidir le hábhar a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta leanaí, ábhar a ghríosaíonn chun fuatha nó foréigin ar fhorais tréithe cosanta, agus ábhar ar cion coiriúil é a scaipeadh faoi dhlí AE – ábhar mí-úsáide gnéis leanaí, sceimhlitheoireacht, ciníochas agus seineafóibe.

Le Cuid A ceanglaítear ar VSPS bearta a dhéanamh de réir mar is iomchuí chun an pobal i gcoitinne agus leanaí a chosaint.

**Cuid B**

Le Cuid B déantar foráil maidir le hoibleagáidí sonracha sainordaitheacha breise a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le soláthraithe VSPS, agus tá sé beartaithe go mbeidh feidhm aici taobh le Cuid A, a mhéid a bhaineann le hAirteagal 28b de Threoir AVMS agus alt 139K(3) d'Acht 2009 arna leasú.

Is i gCuid B den chuid is mó a léirítear na hathbhreithnithe a rinneadh ar na bearta a ndeachaigh an Coimisiún i gcomhairle maidir leo go poiblí.

## 2.2 Na céimeanna atá romhainn

**Próiseas TRIS agus Glacadh an Chóid**

Is dréacht atá sa Chód athbhreithnithe go fóill. Sula mbeifear in ann an Cód a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm maidir le VSPS, tá an Coimisiún i mbun próiseas foirmiúil faoi Threoir TRIS. Is féidir teacht ar eolas maidir le Treoir TRIS anseo.

Is dlí de chuid an Aontais Eorpaigh í Treoir TRIS lena gceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoi dhréachtrialacháin theicniúla a bhaineann le seirbhísí na sochaí faisnéise sular féidir na rialacháin sin a ghlacadh isteach sa dlí náisiúnta. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit eile den Aontas Eorpach barúlacha a thabhairt nó tuairimí a chur isteach air sin.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún anois fógra a thabhairt faoin gCód, a chuimsíonn Codanna A agus B, faoi Threoir TRIS. Is dócha go mbeidh trí (3) go ceithre (4) mhí i gceist leis an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc.

Tabharfaidh an Coimisiún an Cód chun críche ansin. Foilseoidh sé cinneadh críochnaitheach maidir le glacadh an Chóid agus a chur i bhfeidhm maidir le VSPS.

**Cur i bhfeidhm an Chóid maidir le VSPS**

Ar an 14 Lúnasa 2023, rinne an Coimisiún, mar chatagóir seirbhísí ar féidir Cóid Sábháilteachta Ar Líne a chur i bhfeidhm ina leith, na VSPSanna siúd a ainmniú ar faoi dhlínse an Stáit soláthraithe na VSPSanna céanna. Rinneadh an t-ainmniú sin faoi alt 139G(1) den Acht agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Meán Fómhair 2023.

I mí na Nollag 2023, d’ainmnigh an Coimisiún, faoi alt 139G(2), roinnt seirbhísí ainmnithe aonair mar VSPSanna ar faoi dhlínse an Stáit soláthraithe na VSPSanna céanna.

D’fhoilsigh an Coimisiún clár de sheirbhísí ábhartha ainmnithe ar líne agus de chatagóirí seirbhísí ar líne ar féidir Cóid Sábháilteacht Ar Líne a chur i bhfeidhm ina leith, agus coinníonn sé an clár sin ar bun. Is féidir teacht ar an gclár anseo anseo. Tá sé cothrom le dáta amhail an 27 Bealtaine 2024. Tá sé sin i gcomhréir le halt 139J den Acht.

Sula gcinnfear go bhfuil feidhm ag Cód Sábháilteachta Ar Líne maidir le seirbhís ainmnithe agus/nó le catagóir seirbhísí ainmnithe, faoi alt 139L den Acht, ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne, agus le heagraíocht(aí) a dhéanann ionadaíocht ar sheirbhísí a thagann faoi chatagóir ainmnithe seirbhísí ar líne.

Rachaidh an Coimisiún i mbun próiseas comhairliúcháin breise le soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne agus le heagraíocht(aí) a dhéanann ionadaíocht ar sheirbhísí a thagann faoi chatagóir ainmnithe seirbhísí ar líne i ndáil le cur i bhfeidhm Chodanna A agus B den Chód maidir le VSPS. Ní ann do thuilleadh comhairliúcháin i ndáil le hábhar an Chóid.

## 2.3. Ábhair le breithniú a dhéanamh orthu

Le linn don Choimisiún Cód Sábháilteachta Ar Líne a ullmhú, ní mór dó féachaint do na nithe seo a leanas:

(a) a inmhianaithe atá sé go mbeadh próisis chinnteoireachta thrédhearcacha ag seirbhísí maidir le seachadadh ábhair agus modhnóireacht ábhair;
(b) tionchar na cinnteoireachta uathoibrithe ar na próisis sin;

(c) an gá atá le haon fhoráil den Chód a bheith comhréireach ag féachaint do chineál agus scála na seirbhísí lena mbaineann an Cód;
(d) leibhéil infhaighteachta ábhair dhíobhálaigh ar líne ar sheirbhísí ainmnithe ar líne;
(e) leibhéil riosca neamhchosanta ar ábhar díobhálach ar líne agus seirbhísí ainmnithe ar líne á n-úsáid;
(f) leibhéil riosca díobhála, agus go háirithe díobháil do leanaí, ó infhaighteacht ábhair dhíobhálaigh ar líne nó ó neamhchosaint air;
(g) cearta soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne agus cearta úsáideoirí na seirbhísí sin; agus
(h) an straitéis Comhlíonta Ríomhthráchtála arna hullmhú ag an gCoimisiún (is inrochtana anseo).

Tá sé sin i gcomhréir le halt 139M den Acht.

Deimhníonn an Coimisiún gur thug sé aird chuí ar na hábhair a liostaítear le linn dó an dréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne athbhreithnithe a ullmhú.

Leagann an Coimisiún a chuid breithnithe amach, is breithnithe ar thug sé aird orthu i ndáil le gach ábhar in Iarscríbhinn 1 den doiciméad seo.

# 3. Ábhar Treorach Reachtúil

## 3.1. Cúlra

De bhun alt 139Z den Acht, féadfaidh an Coimisiún ábhair treorach a eisiúint do sholáthraithe seirbhísí ar líne.

D'iarr an Coimisiún barúlacha ar dhréacht-treoir reachtúil ina chomhairliúchán poiblí i mí na Nollag 2023, lena n-áirítear ar na nithe seo a leanas:

- An chaoi a samhlaíonn an Coimisiún oibleagáidí áirithe a oibríonn sa chleachtas;
- Gnéithe atá beartaithe do sholáthraithe VSPS lena gcur san áireamh; agus
- Acmhainní atá ann cheana is mian leis a thabhairt ar aird soláthraithe VSPS.

## 3.2. Na céimeanna atá romhainn

I dtuarascáil Wagner-Hatfield, is inrochtana anseo, tá achoimre ar na haighneachtaí a tarraingíodh anuas i ndáil leis an dréacht-treoir reachtúil.

De bharr an phróisis comhairliúcháin, tá an Coimisiún ag breithniú a sheasaimh ar an ábhar treorach reachtúil atá le heisiúint. Níl treoir reachtúil athbhreithnithe ná freagra ar na haighneachtaí a tarraingíodh anuas sa doiciméad seo.

Tá sé beartaithe go dtabharfar an t-ábhar treorach reachtúil chun críche lena fhoilsiú i gcomhar leis an gCód Sábháilteachta Ar Líne críochnaitheach.

# 4. Bearta forlíontacha agus treoir ghaolmhar

## 4.1. Cúlra

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle maidir le dréachtbhearta a bhí sé a bhreithniú lena gcur san áireamh i gCód Sábháilteachta Ar Líne a bheadh ann amach anseo, mar aon le hábhar treorach gaolmhar. Cé nach raibh sé beartaithe na bearta sin a chur san áireamh sa chéad Chód Sábháilteachta Ar Líne, chonacthas don Choimisiún go bhféadfaí tairbhe a bhaint as barúlacha páirtithe leasmhara a lorg maidir leis na bearta féideartha sin, lena n-áirítear:

- Sábháilteacht trí dhearadh;
- Tacaíochtaí sábháilteachta ar líne; agus
- Moltóir sábháilteacht an chórais.

## 4.2. Na céimeanna atá romhainn

Sa doiciméad seo ní thugtar aghaidh ar na dréachtbhearta forlíontacha sin ná níl freagra ann ar aighneachtaí a rinneadh. I dtuarascáil Wagner-Hatfield, is inrochtana anseo, tá achoimre ar na haighneachtaí sin

Admhaíonn an Coimisiún líon na bhfreagraí a fuarthas i ndáil leis na bearta forlíontacha atá beartaithe. Ina fhianaise sin, tá an Coimisiún ag leanúint air de mhachnamh a dhéanamh ar fhreagraí na bpáirtithe leasmhara agus creideann sé gur fiú tuilleadh plé a dhéanamh ar rialacha a dhéanamh ina leith sin. Féadfaidh an Coimisiún aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht trí dhearadh agus tacaíochtaí sábháilteachta ar líne trí threoir reachtúil.

Bhain cuid mhór de na freagraí a fuarthas le córais moltóirí. Cé nár moladh i bpáipéar comhairliúcháin an Choimisiúin go gcuirfí bearta a bhaineann le córais moltóirí san áireamh sa chéad Chód Sábháilteachta Ar Líne, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil feidhm ag gné eile den chreat sábháilteachta ar líne, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, maidir le gach ardán ar líne agus leagtar amach ann raon beart cosanta ábhartha i ndáil le córais moltóirí.

Leis an nGníomh sin cuirtear d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí a úsáideann córais moltóirí míniú a thabhairt ar phríomh-pharaiméadair na gcóras moltóirí a úsáidtear, i dtéarmaí agus coinníollacha na seirbhíse, mar aon le haon rogha chun na paraiméadair sin a mhodhnú nó tionchar a imirt orthu.

Leis an nGníomh freisin cuirtear d'oibleagáid ar Ardáin An-Mhór Ar Líne ("VLOPanna") measúnuithe riosca a dhéanamh agus bearta maolaithe iomchuí a dhéanamh. Leis na measúnuithe riosca sin ní mór dearadh aon chórais moltóirí agus algartaim a chur san áireamh. Ní mór do VLOPanna roghanna a chur ar fáil d'úsáideoirí freisin gan bheith páirteach i gcórais moltóirí atá bunaithe ar phróifíliú.

Tar éis don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na freagraí ar chórais moltóirí, deimhníonn sé an bharúil atá aige gur féidir ról suntasach a bheith ag córais moltóirí maidir le dochar a dhéanamh do mhionaoisigh.

Measann an Coimisiún, chun an dochar sin a laghdú, gur cheart córais moltóirí a chruthaíonn fothaí ábhair do mhionaoisigh a dhearadh chun rioscaí amhail na cinn seo a leanas a sheachaint:

- fothaí ábhar atá dochrach trí chéile a chruthú (lena n-áirítear trí éifeacht "poll coinín" a chruthú)
- mionaoisigh a spreagadh le méid dochrach ama a chaitheamh ag úsáid na seirbhíse
- cur le hábhar dochrach nó le hábhar nach bhfuil oiriúnach don aois

- ábhar atá bunaithe ar phróifíliú mionaoiseach a mholadh, mura bhfuil bealaí páistelároaithe ann le go bhféadfaidh úsáideoirí a roghanna próifílithe a chumrú

Measann an Coimisiún gur dócha nach mbeidh córais moltóirí nach bhfuil deartha ar an mbealach sin sábháilte do mhionaoisigh.

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil gach soláthraí VSPS faoi cheangal ag Airteagal 28 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, lena gceanglaítear orthu bearta a dhéanamh chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh. Tugann an Coimisiún dá aire freisin maidir le hardáin comhroinnte físeán ar ainmnigh an Coimisiún Eorpach mar VLOPanna iad faoi Airteagail 34 agus 35 den Ghníomh sin, go bhfuil sé d'oibleagáid orthu éifeachtaí diúltacha ar mhionaoisigh a shainaithint agus a mhaolú.

Tá imní ar an gCoimisiún faoi ardáin comhroinnte físeán a nochtann mionaoisigh d'ábhar arna mholadh ag córas moltóirí nach bhfuil sábháilte do mhionaoisigh.

Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir an Coimisiún Eorpach tús le himscrúduithe faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha lena gcuimsítear scrúdú ar cé acu atá nó nach bhfuil córais moltóirí i gcomhréir leis an nGníomh sin.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún:

- Leanúint de bheith ag tacú le himscrúduithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil córais moltóirí ag feidhmiú i gcomhréir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.
- Úsáid a bhaint as a chumhachtaí maoirseachta féin, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach de réir mar is iomchuí, chun scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na gcóras moltóirí le hAirteagal 28 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.
- Mar chomhalta den Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, páirt a ghlacadh i bhforbairt na dtreoirlínte atá le heisiúint faoi Airteagail 28 agus 35 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Measann an Coimisiún gurb iad na céimeanna sin is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na díobhálacha a dhéantar de bharr córais moltóirí chontúirteacha, agus níl sé beartaithe aige tuilleadh oibre a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le Cód Sábháilteachta Ar Líne forlíontach faoi láthair.

# 5. Forbhreathnú ar an gcomhairliúchán agus freagra an Choimisiúin

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar na príomhathruithe a rinneadh ar an dréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne athbhreithnithe.

Soláthraítear fo-ailt níos mionsonraithe ina dhiaidh sin, ina dtugtar aghaidh ar na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas i ndáil le gach cuid den dréacht-Chód comhairliúcháin agus ina leagtar amach bunús an Choimisiúin leis an seasamh atá beartaithe aige a ghlacadh anois. Cuirtear na fo-ailt sin i láthair san ord a thugtar sa pháipéar comhairliúcháin. Cuirtear achoimre i láthair ag tús gach fo-ailt.

**Cuid A agus Cuid B**

De bharr an phróisis comhairliúcháin, rinne an Coimisiún athstruchtúrú ar a dhréacht-Chód ina **Cuid A** agus ina **Cuid B**. Beidh an dá Chuid den Chód críochnaitheach ina gceangal.

**Idirghníomhú leis an gcreat sábháilteachta ar líne**

Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, tugann an Coimisiún dá aire, de bharr nach ann do bhearta áirithe nó cineálacha áirithe ábhair óna dhréacht-Chód Sábháilteachta ar Líne arna athbhreithniú, nach rud é nach bhfuil aon rialú ná féinrialú ann i leith nithe den sórt sin amháin. Tá sé beartaithe gur cuid amháin den chreat sábháilteachta iomlán ar líne de chuid Choimisiún na Meán a bheidh sa Chód. Oibreoidh an Cód taobh le bearta sábháilteachta ar líne eile chun úsáideoirí a chosaint ó dhíobháil ar líne, lena n-áirítear an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne.

Go sonrach, tá raon feidhme leathan ag an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha; tá feidhm aige maidir le gach ardán ar líne ón 17 Feabhra 2024 ar aghaidh. Is é an Coimisiún Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na hÉireann, rud a chiallaíonn go ndéanann sé maoirseacht ar chur chun feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha le haghaidh seirbhísí ar líne atá bunaithe in Éirinn.

Mar sin, d'fhorbair an Coimisiún an dréacht-Chód athbhreithnithe ag féachaint go cuí d'fhorálacha ábhartha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha gan dochar do Threoir AVMS agus don Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne.

Rinneadh an t-ábhar mídhleathach a chumhdaítear leis an dréacht-Chód athbhreithnithe a laghdú ón méid a ndearnadh comhairliúchán air. Measann an Coimisiún go gcuirtear bealach iomchuí ar fáil leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun aghaidh a thabhairt ar ábhar atá mídhleathach faoi na colanna coiriúla sonracha éagsúla in Éirinn a ndearnadh tagairt dóibh sa dréacht-Chód comhairliúcháin. Mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, is féidir leis an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin trí bhíthin a chumhachtaí ábhartha faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Léiríonn na rialacha a bhaineann le hábhar mídhleathach ar líne faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha na rialacha atá ann cheana sa timpeallacht as líne ar an mórgóir.

Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 28b(1)(b) agus (c), tugtar aghaidh sa dréacht-Chód athbhreithnithe ar ábhar a ghríosaíonn chun fuatha nó foréigin ar fhorais na saintréithe cosanta faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; thairis sin, tugtar aghaidh ann ar ábhar a thoirmisctear le dlí na hEorpa, amhail ábhar a bhaineann le hábhar mí-úsáide gnéis leanaí, sceimhlitheoireacht, ciníochas agus seineafóibe.

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil cosaintí éagsúla breise sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha a mhéid a bhaineann le hábhar mídhleathach, lena n-áirítear nach mór d'ardáin ar líne sásraí inmheánacha

láimhseála gearán a chur ar fáil d'úsáideoirí chun fógra a thabhairt faoi ábhar mídhleathach, nach mór dóibh a bheith trédhearcach, agus gníomhú go gasta agus iad ag déileáil le hábhar mídhleathach nuair a chuirtear ar an eolas iad faoi, agus cuntais úsáideoirí a chur ar fionraí nuair a chuireann siad ábhar amach atá mídhleathach go follasach go minic. Mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, is féidir leis an gCoimisiún "comharthóirí iontaofa" a dheimhniú chun ábhar mídhleathach a thuairisciú chuig ardáin go díreach. Ceanglaítear ar ardáin bearta iomchuí comhréireacha a leagan síos chun leanaí a chosaint ar a gcuid seirbhísí, agus cuirtear oibleagáidí breise maidir le measúnú riosca ar VLOPanna.

**Sainmhínithe ar ábhar**

Chuir an Coimisiún sainmhíniú nua san áireamh ar "ábhar físeáin srianta", arb é an rud atá i gceist leis sin ná:

- ábhar físeáin trína ndéanann duine bulaíocht nó náiriú ar dhuine eile,
- ábhar físeáin trína gcuireann duine chun cinn nó trína spreagann duine iompar arb iad is sainairíonna neamhord cothaithe nó itheacháin,
- ábhar físeáin trína ndéanann duine féindochar nó féinmharú a chur chun cinn nó a spreagadh, lena n-áirítear ábhar físeáin a spreagann iompar a dhéanann dochar do shláinte nó do shábháilteacht leanaí, lena n-áirítear dúshláin chontúirteacha.
- ábhar físeáin trína gcuireann duine eolas ar fhéindochar nó féinmharú ar fáil, lena n-áirítear ábhar físeáin a spreagann iompar a dhéanann dochar do shláinte nó do shábháilteacht leanaí, lena n-áirítear dúshláin chontúirteacha.

Le hábhar den sórt sin ní mór an tástáil riosca a shainítear i gCuid B a chomhlíonadh.

Áirítear leis an sainmhíniú ar "ábhar físeáin srianta" freisin ábhar físeáin ina ngríosaítear chun foréigin nó fuatha bunaithe ar fhorais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, claonadh gnéis. Measann an Coimisiún go dtagann ballraíocht den Lucht Siúil nó de phobail na Romach faoi chosaintí Airteagal 21 den Chairt. Áirítear leis freisin ábhar físeáin a ndéantar tagairt dó mar chol coiriúil faoi dhlí AE faoi Airteagal 28b(1)(c) de Threoir AVMS.

Áirítear an sainmhíniú nua sin ar "ábhar físeáin srianta" in ionad na sainmhínithe a bhí ann roimhe seo ar "ábhar mídhleathach atá díobhálach do leanaí", "ábhar mídhleathach atá díobhálach don phobal i gcoitinne", "ábhar rialaithe atá díobhálach do leanaí", agus "ábhar rialaithe atá díobhálach don phobal i gcoitinne".

Leis an sainmhíniú a tugadh isteach le gairid ar "ábhar físeáin srianta" ní thagraítear do cholanna coiriúla sonracha in Éirinn. Leis an sainmhíniú ar "ábhar físeáin srianta", agus leis an gCód dá bhrí sin, ní thugtar aghaidh ach amháin ar an ábhar mídhleathach sin dá dtagraítear mar chol coiriúil faoi dhlí AE in Airteagal 28b(1)(c) de Threoir AVMS: gríosú poiblí chun col sceimhlitheoireachta a dhéanamh, colanna a bhaineann le pornagrafaíocht leanaí, agus colanna a bhaineann le ciníochas agus seineafóibe.

**Fíorú aoise / dearbhú aoise**

Chuir an Coimisiún oibleagáid ghinearálta cheangailteach san áireamh i gCuid A den dréacht-Chód athbhreithnithe do sholáthraithe VSPS chun córais fíoraithe aoise a bhunú agus a fheidhmiú maidir le hábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta mionaoiseach, de réir mar is iomchuí. Úsáidtear an téarma "fíorú aoise" chun teanga Threoir AVMS a léiriú.

Leis na bearta níos sonraí i gCuid B ceanglaítear nach mór do sholáthraithe VSPS, a cheadaíonn ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin, a áirithiú, trí dhearbhú aoise, nach féidir le leanaí ábhar den sórt sin a

fheiceáil de ghnáth.  Cuireadh an téarma “dearbhú aoise” in ionad “fíorú aoise” i gcás na mbeart níos sonraí sin, óir gur measann an Coimisiún gurb iomchuí iad chun raon teicnící a ghabháil.

Thug an Coimisiún sainmhíniú isteach freisin ar “ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin” a mhéid a bhaineann le bearta níos sonraí Chuid B, lena gcuimsítear pornagrafaíocht agus foréigean tromchúiseach nó gan údar.

Coinníonn an Coimisiún a bharúil sa dréacht-Chód athbhreithnithe nach bhfuil féindearbhú aoise éifeachtach chun aois na n-úsáideoirí a mheas go cruinn. Measann an Coimisiún nach bhféadfaí teorainn leordhóthanach a chur le neamhchosaint leanaí, nó a riosca neamhchosanta, le féindearbhú amháin, is neamhchosaint ar ábhar a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh ar a bhforbairt coirp, meabhrach nó mhorálta – de bharr a éasca atá sé dul timpeall ar an bhféindearbhú sin.

Chuir an Coimisiún deireadh leis an oibleagáid sa Chód chun srian a chur le rochtain leanaí ar sheirbhísí trí fhíorú aoise. Aontaíonn an Coimisiún go bhféadfaí díobháil a dhéanamh nuair a bhíonn úsáideoirí faoi bhun aoise in ann cuntais a oscailt ar ardáin comhroinnte físeán.

Tá roinnt beart sa dréacht-Chód athbhreithnithe lena laghdaítear an díobháil a d’fhéadfaí a dhéanamh:

- Ceanglaítear ar sholáthraithe VSPS srianta a chur chun feidhme lena gcuirtear bac ar uaslódáil agus comhroinnt catagóirí éagsúla ábhair físeáin dhíobhálaigh, agus ábhar den sórt sin a bhaint a luaithe a chuirtear in iúl dóibh é.
- Ceanglaítear ar sholáthraithe VSPS a cheadaíonn pornagrafaíocht nó íomhánna d’fhoréigean tromchúiseach nó gan údar úsáid a bhaint as dearbhú aoise ionas nach féidir le mionaoisigh ábhar den sórt sin a fheiceáil de ghnáth.
- Ceanglaítear ar sholáthraithe VSPS a cheadaíonn úsáideoirí atá 15 bliana d’aois agus faoina bhun raon rialúchán tuismitheoirí a chur ar fáil.
- Ceanglaítear ar ardáin úsáid a bhaint as fíorú aoise, i gcás inarb iomchuí, ag brath ar mhéid agus cineál na seirbhíse, chun mionaoisigh a chosaint ar ábhar físeáin a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh dá bhforbairt coirp, meabhrach agus mhorálta.

Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil forálacha sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha lena gceanglaítear ar ardáin sábháilteacht, slándáil agus príobháideachas mionaoiseach a áirithiú agus – i gcás ardáin arna n-ainmniú ag an gCoimisiún Eorpach mar Ardáin An-Mhór Ar Líne – éifeachtaí diúltacha ar mhionaoisigh a shainaithint agus a mhaolú.

Is é an éifeacht atá ag na forálacha sin uile ná nach mór d’ardáin bearta oiriúnacha a dhéanamh lena áirithiú nach ndéanann an bealach a n-oibríonn siad díobháil mar thoradh ar úsáideoirí faoi bhun aoise a bheith in ann cuntais a oscailt.

Tugann an Coimisiún dá aire, má cheanglaítear ar ardáin bearta fíoraithe aoise a chur chun feidhme a luaithe a chruthaítear cuntas, go bhféadfadh sé sin teacht salach ar phríobháideachas agus saoirse cainte daoine fásta agus leanaí níos sine, agus ar a gceart chun rochtain a fháil ar ábhar dleathach. Ag brath ar chineál an ardáin, d’fhéadfadh bealaí eile a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar an riosca díobhála mar thoradh ar chuntas a oscailt faoi bhun aoise.

Dá bhrí sin, ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí oibleagáid shonrach a fhorchur an tráth seo lena dtugtar sainordú do gach ardán úsáid a bhaint as fíorú aoise a luaithe a chruthaítear cuntas. Úsáidfidh an Coimisiún a chumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmithe lena áirithiú go gcomhlíonann soláthraithe seirbhísí a n-oibleagáid lena áirithiú go n-oibríonn siad ar bhealach nach ndéanann díobháil do mhionaoisigh.

**Gearáin a láimhseáil**

A mhéid a bhaineann le hoibleagáidí an Choimisiúin faoi Threoir AVMS, measann sé gurb iomchuí ceanglais a choinneáil sa dréacht-Chód athbhreithnithe do VSPSanna i ndáil le gearáin a láimhseáil, maidir le dearbhú aoise, rátáil ábhair, rialúcháin tuismitheoirí, agus tuairisciú agus marcáil.

Leis an dréacht-Chód athbhreithnithe coinnítear an oibleagáid faoi alt 139K(6) den Ghníomh a bhaineann lena cheangal ar sholáthraithe seirbhísí tuairisc a thabhairt don Choimisiún ar eatraimh nach faide ná trí (3) mhí maidir le láimhseáil an tsoláthraí ar chumarsáid ina dtarraingítear gearáin nó ábhair eile anuas. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an gCód freisin ar mhaithe le solúbthacht a cheadú chun eatraimh eile le haghaidh tuairisciú den sórt sin a shonrú.

Ní leagann an Coimisiún amach na hamlínte ná na próisis ar leith arb ionann iad agus córais láimhseála gearán, ionas go mbeidh an tsolúbthacht ag soláthraithe VSPS córais den sórt sin a struchtúrú agus méid agus cineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil á gcur san áireamh.

**Cumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh táirgí sonracha**

Tugann an Coimisiún dá aire na freagraí a bhaineann leis na táirgí seo a leanas i ndáil leis na sainmhínithe ar “chumarsáid tráchtála chlosamhairc” dhochrach:

- Bianna a bhfuil a lán saille, salainn agus siúcra iontu: Measann an Coimisiún go bhféadfadh gá a bheith ann le tuilleadh plé agus rannpháirtíochta le húdaráis sláinte poiblí chun rialacha a dhéanamh ina leith sin. Mar sin, níl sé beartaithe ag an gCoimisiún ag an bpointe seo bearta a bhaineann le bianna a bhfuil a lán saille, salainn agus siúcra iontu a áireamh i mbearta an dréacht-Chóid athbhreithnithe.

- Ionadaigh bhainne: Foráladh sa dréacht-Chód comhairliúcháin, maidir le cumarsáid tráchtála chlosamhairc a sháraigh rialacha AE atá ann cheana, gur tháinig sí faoi chuimsiú “cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhéanann díobháil don phobal i gcoitinne”. Measann an Coimisiún gurb oiriúnaí atá sásra an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar na rialacha AE sin atá ann cheana. D’fhéadfaí gá a bheith ann freisin le tuilleadh plé agus/nó rannpháirtíochta le húdaráis sláinte poiblí chun aon bheart eile a áireamh.

**Córais moltóirí**

D’iarr an Coimisiún barúlacha maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart dó breithniú a dhéanamh ar chód sábháilteachta forlíontach ar líne a fhorbairt lena gcuimseofaí forálacha a bhaineann le córais moltóirí.

Aithníonn an Coimisiún go bhfuarthas líon mór tuairimí maidir le córais moltóirí. Cé go leanann an Coimisiún de mhachnamh a dhéanamh ar na haighneachtaí sin, cuirtear tuilleadh eolais ar fáil ar na hoibleagáidí atá ann cheana ar ardáin ar líne a úsáideann córais moltóirí faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha i gcuid 4.2 den doiciméad seo.

Tar éis don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na freagraí ar chórais moltóirí, deimhníonn sé an bharúil atá aige gur féidir ról suntasach a bheith ag córais moltóirí maidir le dochar a dhéanamh do mhionaoisigh.

Measann an Coimisiún, chun an dochar sin a laghdú, gur cheart córais moltóirí a chruthaíonn fothaí ábhair do mhionaoisigh a dhearadh chun rioscaí amhail na cinn seo a leanas a sheachaint:

- fothaí ábhar atá dochrach trí chéile a chruthú (lena n-áirítear trí éifeacht “poll coinín” a chruthú)
- mionaoisigh a spreagadh le méid dochrach ama a chaitheamh ag úsáid na seirbhíse
- cur le hábhar dochrach nó le hábhar nach bhfuil oiriúnach don aois

- ábhar atá bunaithe ar phróifíliú mionaoiseach a mholadh, mura bhfuil bealaí páisteláraithe ann le go bhféadfaidh úsáideoirí a roghanna próifílithe a chumrú.

Measann an Coimisiún gur dócha nach mbeidh córais moltóirí nach bhfuil deartha ar an mbealach sin sábháilte do mhionaoisigh.

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil gach soláthraí VSPS faoi cheangal ag Airteagal 28 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, lena gceanglaítear orthu bearta a dhéanamh chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh. Tugann an Coimisiún dá aire freisin maidir le hardáin comhroinnte físeán ar ainmnigh an Coimisiún Eorpach mar VLOPanna iad faoi Airteagail 34 agus 35 den Ghníomh sin, go bhfuil sé d’oibleagáid orthu éifeachtaí diúltacha ar mhionaoisigh a shainaithint agus a mhaolú.

Tá imní ar an gCoimisiún faoi ardáin comhroinnte físeán a nochtann mionaoisigh d’ábhar arna mholadh ag córas moltóirí nach bhfuil sábháilte do mhionaoisigh.

Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir an Coimisiún Eorpach tús le himscrúduithe faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha lena gcuimsítear scrúdú ar cé acu atá nó nach bhfuil córais moltóirí i gcomhréir leis an nGníomh sin.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún:

- Leanúint de bheith ag tacú le himscrúduithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil córais moltóirí ag feidhmiú i gcomhréir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.
- Úsáid a bhaint as a chumhachtaí maoirseachta féin, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach de réir mar is iomchuí, chun scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na gcóras moltóirí le hAirteagal 28 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.
- Mar chomhalta den Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, páirt a ghlacadh i bhforbairt na dtreoirlínte atá le heisiúint faoi Airteagail 28 agus 35 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Measann an Coimisiún gurb iad na céimeanna sin is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na díobhálacha a dhéantar de bharr córais moltóirí chontúirteacha, agus níl sé beartaithe aige tuilleadh oibre a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le Cód Sábháilteachta Ar Líne forlíontach faoi láthair.

## 5.1. Forálacha tosaigh

**Ar áireamh i gCuid A?**
Tá: Áirítear forálacha ar na nithe seo a leanas i gCuid A:

- Réamhrá,
- Raon agus Dlínse,
- Cuspóir, ullmhú agus cur i bhfeidhm an Chóid,
- Prionsabail rialála is ábhartha don Chód,
- Straitéis um Chomhlíontacht Ríomhthráchtála,
- Treoir Reachtúil,
- Inscoiteacht,
- Tarscaoileadh, agus
- Comhlíontacht agus Forfheidhmiú.

**Ar áireamh i gCuid B?**
Tá feidhm ag na forálacha tosaigh chun críocha Chodanna A agus B.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Léirítear sa réamhrá struchtúr Chuid A agus Chuid B.
- Rinneadh na codanna tosaigh a chuíchóiriú.
- Is "Comhlíontacht agus Forfheidhmiú" atá sa chuid a bhain le "Comhlíontacht" roimhe seo. Rinneadh soiléiriú sa Chód ar na forálacha a bhaineann le comhlíontacht, chomh maith le pointí i ndáil leis an measúnú ar a oiriúnaí atá na bearta a rinneadh.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Luadh i gCodanna 1 go 9 den dréacht-Chód comhairliúcháin (na "forálacha tosaigh") go bhfuil cuspóir, ullmhú agus cur i bhfeidhm an Chóid i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla, agus go gcuirfear bonn eolais faoi obair an Choimisiúin le heolas faoi chearta, cuspóirí, feidhmeanna reachtúla éagsúla, agus le prionsabail maidir lena léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú air sin.

Rinneadh tagairt sa dréacht-Chód comhairliúcháin d'éifeacht a thabhairt d'Airteagal 28b de Threoir AVMS, agus luadh nach bhforchuirtear leis aon oibleagáid atá bunoscionn le hAirteagal 15 den Treoir Ríomhthráchtála nó le hAirteagal 8 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, i gcomhréir le Straitéis an Choimisiúin um Chomhlíontacht Ríomhthráchtála.

Leagtar an méid seo a leanas amach sna forálacha tosaigh freisin:

- tá treoir reachtúil ag gabháil leis an gCód;
- ní dhéanfar aon difear do dhlíthiúlacht ná d'in-fhorfheidhmitheacht aon fhorála den Chód má chinntear go bhfuil aon fhoráil eile mídhleathach nó do-fhorfheidhmithe; agus
- ní rud é go dtarscaoileann an Coimisiún aon cheart ná aon chumhacht faoin gCód mura dtugann sé freagra nó trácht ar aon ábhar a fhaightear ó sholáthraí VSPS. ní dhéanfar aon difear do dhlíthiúlacht, do bhailíocht ná d'in-fhorfheidhmitheacht forála má chinntear go bhfuil aon fhoráil eile den Chód mídhleathach, neamhbhailí nó do-fhorfheidhmithe.

Ar deireadh, leagadh amach le foráil "Comhlíontachta", le linn don Choimisiún measúnuithe a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid ag VSPS, go bhféachfadh sé do cé acu atá nó nach bhfuil sé sásta nach mbeadh

oibleagáid shonrach indéanta nó comhréireach a mhéid a bhaineann lena cur i bhfeidhm maidir leis an VSPS.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Maidir le raon feidhme an Chóid, chuir freagróirí áirithe ar an gcomhairliúchán poiblí an dearcadh in iúl go dtéann an dréacht-Chód comhairliúcháin níos faide ar aghaidh ná ceanglais Airteagal 28b de Threoir AVMS, agus gur bhaolach go mbeadh forluí mór ann leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Tharraing na freagróirí roinnt tuairimí anuas a bhain leis na prionsabail rialála atá mar bhonn taca faoin dréacht-Chód comhairliúcháin, agus rinne siad tagairt do chreataí éagsúla um chearta an duine agus cheistigh siad an fhoclaíocht i bhforálacha áirithe.

I ndáil le comhlíontacht, chuir na freagróirí roinnt ábhair imní in iúl – nach n-áiritheofaí comhlíontacht le forálacha an dréacht-Chóid comhairliúcháin ar leibhéal sásúil, nó go mbeadh sé i gceist le comhlíonadh an Chóid go ndéanfaí bearta díréireacha, dodhéanta, agus/nó neamhphraiticiúla. Chuir roinnt freagróirí ábhair imní in iúl freisin go gcuirtear bac ar an gcumas comhlíonadh an Chóid a chruthú de dheasca forálacha débhríocha nó forluiteacha.

Luaigh freagróirí áirithe, chun an Cód a chomhlíonadh trí bhíthin bearta teicniúla a chur chun feidhme, go mbeadh idirthréimhse chomhréireach de dhíth ar sholáthraithe VSPS le go mbeidís in ann bearta agus réitigh a fhorbairt. Mhol na freagróirí raon achair ama ina leith sin.

**Freagra an Choimisiúin**

Le forálacha tosaigh an dréacht-Chóid athbhreithnithe, léirítear gurb amhlaidh atá sé comhdhéanta de Chodanna A agus B anois. Rinneadh na Codanna sin a chuíchóiriú freisin, d'fhonn a áirithiú go bhfuil an Cód inrochtana; ní leagtar amach tuairiscí mionsonraithe ar na prionsabail rialála lena dtugtar treoir don Choimisiún sa Chód a thuilleadh.

Tugann an Coimisiún dá aire na haighneachtaí i ndáil leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus aithníonn sé gur beart cuíchóirithe uasta é an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha a bhfuil feidhm aige gan dochar do Threoir AVMS. Sa fhreagra seo ar an doiciméad comhairliúcháin, leagtar béim ar ghnéithe den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha a raibh tionchar acu ar an athbhreithniú ar an gCód.

Rinne an Coimisiún cuíchóiriú ar fhoclaíocht na bprionsabal rialála ábhartha atá mar bhonn taca faoin gCód maidir leis an nGníomh, Treoir AVMS, agus creataí ábhartha eile.

I ndáil le comhlíonadh an Chóid, admhaíonn an Coimisiún aighneachtaí ar na praiticiúlachtaí a bhaineann le comhlíontacht a thaispeáint. Tugtar "Comhlíontacht agus Forfheidhmiú" anois ar an gcuid a bhain le "Comhlíontacht" roimhe seo.

Rinne an Coimisiún soiléiriú sa dréacht-Chód athbhreithnithe, le linn dó breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht nár chomhlíon VSPS an Cód agus/nó aon bheart forfheidhmithe, go bhféachfadh sé do cé acu atá nó nach bhfuil sé sásta, maidir le hoibleagáid, nó sna himthosca, comhlíonadh oibleagáide, nach mbeadh sí praiticiúil ná comhréireach i gcás an VSPS, agus a mhéid nó cineál a sheirbhíse á gcur san áireamh. Luaitear sa dréacht-Chód athbhreithnithe freisin nach gcuirfear bac ar an gCoimisiún méid agus cineál an VSPS arna chur ar fáil a chur san áireamh le linn dó comhlíonadh an Chóid a bhreithniú. Measann an Coimisiún gur cur chuige comhréireach agus iomchuí é sin.

Rinne an Coimisiún soiléiriú freisin sa dréacht-Chód athbhreithnithe gur sárú chun críocha Chuid 8B den Ghníomh é gan an Cód a chomhlíonadh. Thairis sin, deimhnítear sa dréacht-Chód athbhreithnithe, má thagann aon saincheist chun cinn a mhéid a bhaineann lena oiriúnaí atá aon bheart arna dhéanamh ag soláthraí VSPS, gur faoin gCoimisiún a bheidh sé cinneadh a dhéanamh faoina oiriúnaí atá an beart

céanna. Luaitear sa chód go mbeidh na bearta iomchuí indéanta agus comhréireach, agus méid an VSPS agus cineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil á gcur san áireamh.

Admhaíonn an Coimisiún gur thug freagróirí áirithe le fios go raibh gá le hidirthréimhse chun an Cód a chur chun feidhme. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chóid ag soláthraithe VSPS le himeacht aimsire agus rachaidh sé i dteagmháil leis na soláthraithe sin de réir mar is gá trí bhíthin a struchtúr maoirseachta agus forfheidhmithe. Ní ghlacann an Coimisiún leis go bhfuil idirthréimhse comhréireach i gcás Chuid A i bhfianaise gur ón mbliain 2018 atá Treoir AVMS athbhreithnithe. Maidir le Cuid B, féadfar tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar idirthréimhse.

## 5.2. Sainmhínithe

**Ar áireamh i gCuid A?**
**Níl.**

**Ar áireamh i gCuid B?**
**Tá**: cuirtear sainmhínithe ar fáil i gCuid B.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Sainmhíniú nua arna thabhairt isteach: “ábhar físeáin srianta”. Áirítear é sin in ionad sainmhínithe a bhí ann roimhe seo ar “ábhar rialaithe atá díobhálach don phobal i gcoitinne”, “ábhar rialaithe atá díobhálach do leanaí”, “ábhar mídhleathach atá díobhálach don phobal i gcoitinne”, agus “ábhar mídhleathach atá díobhálach do leanaí”.
- Cumhdaítear raon ábhair dhíobhálaigh le “[h]ábhar físeáin srianta”, chomh maith le hábhar dá dtagraítear mar chol coiriúil faoi dhlí AE in Airteagal 28b(1)(c) de Threoir AVMS.
- Sainmhíniú nua arna thabhairt isteach: “ábhar srianta dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí”. Tagann an sainmhíniú nua sin in ionad an tsainmhínithe a bhí ann roimhe seo ar “ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí”. Ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí atá dodhealaithe ó fhíseáin, amhail teidil nó tráchtanna, tugtar aghaidh air sa Chód ó thaobh na ndíobhálacha a fhéadfaidh sé cur faoi deara.
- An t-ábhar mídhleathach dá dtagraítear faoi Sceideal 3 d’Acht 2009, ní chumhdaítear leis an gCód a thuilleadh é.
- Sainmhíniú nua arna thabhairt isteach: “ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin”. Tugtar aghaidh leis sin ar ábhar físeáin arb é rud atá ann ná pornagrafaíocht agus ábhar físeáin arb é rud atá ann ná foréigean tromchúiseach nó gan údar.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Sainmhíníodh téarmaí éagsúla i gCuid 10 den dréacht-Chód comhairliúcháin, lena n-áirítear:

- Ábhar;
- Cumarsáid tráchtála chlosamhairc;
- Ábhar mídhleathach; agus
- Ábhar rialaithe.

Sonraíodh sna sainmhínithe sin ábhar mídhleathach agus rialaithe, agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc, a dhéanann díobháil do leanaí agus don phobal i gcoitinne freisin.

Áiríodh leis an sainmhíniú beartaithe ar “ábhar” físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí agus ábhar eile arna ghiniúint ag úsáideoirí atá indealaithe ó fhíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí, amhail tuairiscí ar fhíseán nó tráchtanna ar fhíseán.

Áiríodh le “[h]ábhar mídhleathach a dhéanann díobháil do leanaí” catagóirí áirithe ábhair a bhain le colanna sonracha mar a leagtar amach san Acht, agus áiríodh le “[h]ábhar rialaithe a dhéanann díobháil do leanaí” pornagrafaíocht, foréigean tromchúiseach nó gan údar, dúshláin chontúirteacha, bulaíocht nó náiriú, neamhoird ithe nó bheathaithe a chur chun cinn, féindochar nó féinmharú a spreagadh, agus eolas a chur ar fáil maidir le modhanna féindochair nó féinmharaithe.

Áiríodh le "[h]ábhar mídhleathach a dhéanann díobháil don phobal i gcoitinne" catagóirí áirithe ábhair a bhain le colanna sonracha mar a leagtar amach i Sceideal 3 den Acht, i dteannta le hábhar a bhfuil a scaipeadh mídhleathach faoi dhlí an Aontais Eorpaigh arna thrasuí i ndlí na hÉireann – lena n-áirítear gríosú poiblí chun col sceimhlitheoireachta a dhéanamh, mar aon le pornagrafaíocht leanaí, agus ciníochas agus seineafóibe.

Áiríodh le "[h]ábhar rialaithe atá díobhálach don phobal i gcoitinne" ábhar ina bhfuil gríosú chun foréigin nó fuatha i gcoinne grúpa daoine nó baill de ghrúpa bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Áiríodh le sainmhínithe ar chumarsáid tráchtála chlosamhairc dhíobhálach táirgí tobac, toitíní leictreonacha, agus cógais ar oideas agus táirgí leighis a chur chun cinn.

Maidir le leanaí go sonrach, áiríodh le sainmhínithe ar chumarsáid tráchtála chlosamhairc dhíobhálach cumarsáid le haghaidh alcóil atá dírithe ar leanaí, nó cumarsáid a bhaineann leas as an muinín speisialta a bhíonn ag leanaí i dtuismitheoirí, múinteoirí nó daoine eile.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

<u>Ábhar mídhleathach</u>

Luaigh roinnt freagróirí go bhfuil na sainmhínithe ar "ábhar mídhleathach", mar a leagtar amach sa dréacht-Chód comhairliúcháin, rótheoranta. Iarradh go gcuimseofaí le sainmhínithe den sórt sin ar ábhar mídhleathach gach col coiriúil, i ndlí na hÉireann, sa dlí Eorpach, nó sa dlí idirnáisiúnta, agus é sin gan srian.

Mar sin féin, bhí imní ar leith ann faoi raon feidhme dlínsiúil an dréacht-Chóid comhairliúcháin i dtaobh aghaidh a thabhairt ar ábhar mídhleathach. Mheas na freagróirí go ndéantar iarracht leis an gCód chun dlí coiriúil na hÉireann a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh ina shainmhíniú ar ábhar mídhleathach. Luaigh na freagróirí nach leagtar amach in Airteagal 28b(1)(c) de Threoir AVMS ach na catagóirí ábhair mhídhleathaigh siúd a gceanglaítear leis an gCód aghaidh a thabhairt orthu ar mhaithe le héifeacht a thabhairt do Threoir AVMS.

Áitíodh gur cheart aghaidh a thabhairt ar ábhar mídhleathach eile, é a chomhchuibhiú agus a rialáil faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Bhí na freagróirí den tuairim, maidir leis na tagairtí do dhlí coiriúil na hÉireann i sainmhínithe an Chóid a bhaineann le hábhar, gur cheart na tagairtí sin a bhaint.

Thairis sin, tarraingíodh anuas go mb'fhéidir nach mbeadh sé úsáideach ná praiticiúil idirdhealú a dhéanamh idir leanaí agus an pobal i gcoitinne a mhéid a bhaineann le "[h]ábhar mídhleathach" a shainmhíniú; bhí na freagróirí den tuairim gur mídhleathach atá ábhar mídhleathach gan beann ar cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann sé díobháil do leanaí nó do dhaoine fásta.

I gcás ina mbaineann ábhar mídhleathach le gríosú chun foréigin nó fuatha bunaithe ar na forais a shonraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, d'iarr na freagróirí go ndéanfaí tagairt shonrach do bhaill den Lucht Siúil agus de phobail na Romach ar mhaithe le cosaintí leordhóthanacha a chur ar fáil.

<u>Ábhar rialaithe</u>

Mhol roinnt mhaith freagróirí, maidir le sainmhíniú an dréacht-Chóid comhairliúcháin ar "ábhar rialaithe atá díobhálach do leanaí", a mhéid a rinneadh tagairt leis sin do chibearbhulaíocht, neamhoird ithe nó bheathaithe, féindochar agus féinmharú, gur cheart é a leathnú chun an pobal i gcoitinne a chuimsiú. Thug na freagróirí faoi deara go mbíonn tionchar ag na díobhálacha a dhéanann na cineálacha ábhair sin ar pháistí agus ar dhaoine fásta araon.

Tarraingíodh ábhair imní anuas go bhféadfadh impleachtaí a bheith ag an iarracht chun ábhar dleathach a áireamh i sainmhínithe ar “ábhar rialaithe” ar an gceart chun saoirse cainte. Mar an gcéanna, mhol na freagróirí réimse cineálacha ábhair agus díobhálacha a mheas siad ba cheart a bheith faoi raon feidhme an rialacháin. Mhol na freagróirí go dtabharfadh an Coimisiún sainmhíniú breise ar roinnt téarmaí sonracha a leagtar amach i sainmhínithe an dréacht-Chóid comhairliúcháin ar ábhar rialaithe.

<u>Cumarsáid tráchtála chlosamhairc</u>

Luaigh na freagróirí go bhfuil na sainmhínithe a mholtar ar “chumarsáid tráchtála chlosamhairc” cúng agus teoranta ó thaobh na ndíobhálacha a chumhdaítear de. Rinne roinnt freagróirí moltaí maidir le catagóirí cumarsáide tráchtála closamhairc díobhálaí a chur leis.

Tarraingíodh ábhair imní ar leith anuas i ndáil leis an bhfíoras nach bhfuil bianna a bhfuil a lán saille, salainn agus siúcra iontu, ná ionadaigh bhainne éagsúla ach oiread, le feiceáil sna sainmhínithe ar “chumarsáid tráchtála chlosamhairc” atá díobhálach.

<u>Ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí</u>

Thacaigh roinnt mhaith freagróirí leis an moladh go n-áireofaí ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí atá dodhealaithe ó fhíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí i sainmhíniú an Chóid ar “ábhar”. Tugadh faoi deara go bhfuil cumais díobhála dhifriúla ag baint leis na hidirghníomhaíochtaí idir téacs, íomhá agus físeán, ag brath ar an gcomhthéacs.

Mar sin féin, maidir le cuimsiú ábhair nach ábhar físeáin i sainmhíniú an Chóid ar “ábhar”, d’áitigh freagróirí áirithe go bhféadfadh sé sin a bheith lasmuigh de raon feidhme Threoir AVMS. Luaigh na freagróirí go dtabharfaí aghaidh ar thráchtanna agus ar phostálacha a bhaineann le físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí trí théarmaí agus coinníollacha VSPS i gcónaí, nó, dá mba rud é go mbeadh an t-ábhar mídhleathach, tríd an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Ina theannta sin, luadh go gcruthaítear fadhbanna praiticiúla tromchúiseacha a mhéid a bhaineann le bearta an Chóid atá beartaithe a chur i bhfeidhm lasmuigh de chláir nó ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí de bharr cuimsiú ábhair dhodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí i sainmhíniú an Chóid ar “ábhar”. Mar shampla, beartaíodh go mbeadh sé do-inoibrithe agus díréireach forálacha rátála ábhair a chur i bhfeidhm maidir le tráchtanna ar fhíseáin. Tharraing na freagróirí anuas nár cheart caitheamh le hábhar dodhealaithe ar an mbealach céanna leis an bhfíseán arna ghiniúint ag úsáideoirí lena bhfuil sé coimhdeach.

**Freagra an Choimisiúin**

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagail 28b(1) agus 28b(3) de Threoir AVMS aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí, cláir agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh d’fhorbairt coirp, meabhrach agus mhorálta mionaoiseach;
- físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí, cláir, agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina ngríosaítear chun foréigin nó fuatha ar fhorais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéis; agus

- físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí, cláir, agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc arb é rud atá i gceist lena scaipeadh ná col coiriúil faoin dlí Eorpach, lena n-áirítear gríosú poiblí chun col sceimhlitheoireachta a dhéanamh, colanna a bhaineann le pornagrafaíocht leanaí, agus colanna a bhaineann le ciníochas agus seineafóibe.

Tugtar aghaidh ar an ábhar sin i gCuid A den Chód.

Tá na sainmhínithe le fáil i gCuid B den dréacht-Chód athbhreithnithe anois.

Ós rud é go bhfuil Treoir AVMS sonrach maidir le físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí agus cláir a ainmniú, measann an Coimisiún gurb iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar a shainmhíniú ar "ábhar" agus é a athrú go "[h]ábhar físeáin" ar mhaithe le soiléireacht níos fearr.

Chuir an Coimisiún sainmhínithe nua isteach ar "ábhar físeáin srianta" agus ar "chumarsáid tráchtála chlosamhairc shrianta", agus an tráth céanna choinnigh sé sainmhínithe a bhí ann roimhe seo a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc dhíobhálach.

Áirítear an sainmhíniú nua sin ar "ábhar físeáin srianta" in ionad na sainmhínithe ar "ábhar mídhleathach atá díobhálach do leanaí", "ábhar mídhleathach atá díobhálach don phobal i gcoitinne", "ábhar rialaithe atá díobhálach do leanaí", agus "ábhar rialaithe atá díobhálach don phobal i gcoitinne".

Rinne an Coimisiún soiléiriú i sainmhíniú an Chóid ar "ábhar físeáin srianta", maidir le gríosú chun foréigin nó fuatha ar fhorais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go measann sé go dtagann ballraíocht den Lucht Siúil nó de phobail na Romach faoi chosaintí Airteagal 21 den Chairt.

Chuir an Coimisiún sainmhíniú nua isteach ar "chumarsáid tráchtála chlosamhairc shrianta" a chuimsíonn an chumarsáid tráchtála chlosamhairc sin atá díobhálach nó mídhleathach faoi Airteagal 28b(1) de Threoir AVMS.

Maidir le húsáid an téarma "pornagrafaíocht leanaí" sa Chód, aithníonn an Coimisiún gurb é an téarma "ábhar mí-úsáide gnéis leanaí" an cur síos is oiriúnaí ar an ábhar sonrach. Mar sin féin, úsáideann an Coimisiún an téarma "pornagrafaíocht leanaí" sa Chód chun sainmhínithe dlíthiúla Threoir AVMS a léiriú.

<u>Ábhar mídhleathach</u>

Tugann an Coimisiún dá aire nach n-áirítear leis an sainmhíniú a tugadh isteach le gairid ar "ábhar físeáin srianta" aon tagairt do dhlí coiriúil na hÉireann. Leis an sainmhíniú ar "ábhar físeáin srianta", agus leis an dréacht-Chód athbhreithnithe dá bhrí sin, ní thugtar aghaidh ach amháin ar ábhar coiriúil AE mar a leagtar amach faoi Airteagal 28b(1)(c) de Threoir AVMS: gríosú poiblí chun col sceimhlitheoireachta a dhéanamh, colanna a bhaineann le pornagrafaíocht leanaí, agus colanna a bhaineann le ciníochas agus seineafóibe.

Tugann an Coimisiún dá aire gur féidir aghaidh a thabhairt ar ábhar eile atá mídhleathach faoi dhlí na hÉireann trí bhíthin sásraí a áirítear sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Mar sin, measann sé gur cur chuige oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar ábhar den sórt sin é trí bhíthin an Ghnímh sin, seachas tríd an gCód faoi láthair.

<u>Ábhar srianta</u>

Measann an Coimisiún go gcuirtear cosaintí ar fáil d'úsáideoirí VSPS leis an sainmhíniú a tugadh isteach le gairid ar "ábhar físeáin srianta", is cosaintí ar raon ábhair físeáin dhíobhálaigh, amhail:

- cibearbhulaíocht,

- neamhoird ithe nó bheathaithe a chur chun cinn nó a spreagadh,
- modhanna a bhaineann le féindochar agus féinmharú a chur chun cinn, a spreagadh nó eolas a chur ar fáil maidir leo, lena n-áirítear iompraíochtaí a dhéanann díobháil do shláinte nó sábháilteacht leanaí a spreagadh, amhail dúshláin chontúirteacha.

Cuirtear srian ar ábhar den sórt sin faoi réir tástáil riosca. Measann an Coimisiún go bhfuil gá leis na srianta sin lena áirithiú nach bhfeiceann leanaí an t-ábhar sin de ghnáth.

Tugann an Coimisiún dá aire an imní atá ar roinnt freagróirí maidir le srianta ar an tsaoirse cainte nuair a chuirtear srian ar chineálacha áirithe ábhair. Ní ghlacann an Coimisiún leis gur teorannú díréireach ar úsáideoirí VSPS é srian a chur ar chineálacha ábhair físeáin a dtugtar aghaidh orthu sa sainmhíniú ar "ábhar físeáin srianta", i bhfianaise na gcosaintí ar dhíobháil a chuirtear ar fáil do leanaí de thairbhe an tsriain sin. Aithníonn an Coimisiún go bhféadfaidh tionchar a bheith ag na díobhálacha ar líne a chumhdaítear leis na moltaí sa dréacht-Chód comhairliúcháin ar dhaoine fásta freisin.

Áirítear leis an sainmhíniú ar "ábhar físeáin srianta" freisin ábhar físeáin dá dtagraítear faoi Airteagal 28b(1)(b) agus (c) de Threoir AVMS.

Ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin

Áiríodh leis an sainmhíniú sa dréacht-Chód comhairliúcháin ar "ábhar rialaithe atá díobhálach do leanaí" ábhar arb é rud atá ann ná pornagrafaíocht agus ábhar arb é rud atá ann ná foréigean tromchúiseach nó gan údar.

Ar mhaithe le soiléireacht a chur ar fáil maidir le hoibleagáidí Chuid B ar sholáthraithe VSPS, measann an Coimisiún gurb iomchuí sainmhíniú a thabhairt isteach ar "ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin", ina dtugtar aghaidh ar ábhar físeáin arb é rud atá ann ná pornagrafaíocht agus ábhar físeáin arb é rud atá ann ná foréigean tromchúiseach nó gan ghá.

Leis sin, ceadaítear idirdhealú a dhéanamh le forálacha Chuid B idir na soláthraithe VSPS siúd a cheadaíonn ábhar físeáin den sórt sin ar a seirbhís, agus na soláthraithe siúd nach gceadaíonn – agus seachnaítear oibleagáidí a bhaineann le hábhar físeáin do dhaoine fásta amháin a chur i bhfeidhm maidir leis na soláthraithe siúd nach gceadaíonn an t-ábhar sin.

Cumarsáid tráchtála chlosamhairc

Sa dréacht-Chód athbhreithnithe coinnítear na sainmhínithe a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc, ach baineadh na tagairtí do chumarsáid le haghaidh bainne foirmle do naíonáin a sháraíonn rialacha AE atá i bhfeidhm cheana. Is é is cúis leis sin ná go gcuirtear sásra iomchuí ar fáil leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin.

Tugann an Coimisiún dá aire ábhair imní na bhfreagróirí a bhaineann leis an bhfíoras nach bhfuil bianna a bhfuil a lán saille, salainn agus siúcra iontu sna sainmhínithe ar "chumarsáid tráchtála chlosamhairc" atá díobhálach. Measann an Coimisiún go mbeidh gá le tuilleadh plé agus comhairliúcháin le húdaráis sláinte poiblí chun rialacha a dhéanamh ina leith sin.

Ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí

Measann an Coimisiún gur gá sainmhíniú a choinneáil ar ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí atá dodhealaithe ó fhíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí, mar aitheantas ar na díobhálacha a fhéadfaidh an t-ábhar sin a chur faoi deara. Mar sin féin, aithníonn an Coimisiún gur dócha go mbeadh sé díréireach na bearta céanna uile a chur i bhfeidhm maidir le hábhar dodhealaithe agus leis an ábhar físeáin a bhfuil sé ag gabháil leis.

Rinne an Coimisiún soiléiriú i ndáil le cur i bhfeidhm Chuid B maidir le hábhar dodhealaithe. Níl sé beartaithe na bearta uile a mholtar leis an gCód a chur i bhfeidhm go ginearálta maidir le hábhar dodhealaithe.

Mar sin, thug an Coimisiún sainmhíniú isteach ar "ábhar srianta dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí". Cuirtear srian ar ábhar den sórt sin ar an mbonn céanna le "[h]ábhar físeáin srianta", i gcás ina mbaineann an méid seo a leanas leis an ábhar:

- is é rud atá ann ná cibearbhulaíocht,
- is é rud atá ann ná neamhoird ithe nó bheathaithe a chur chun cinn nó a spreagadh,
- is é rud atá ann ná modhanna a bhaineann le féindochar nó féinmharú a chur chun cinn, a spreagadh nó eolas a chur ar fáil maidir leo, lena n-áirítear iompar a dhéanann díobháil do shláinte nó sábháilteacht leanaí a spreagadh, amhail dúshláin chontúirteacha,
- is é rud atá ann ná gríosú chun fuatha nó foréigin, nó
- tá sé mídhleathach faoi Airteagal 28b(1)(c) de Threoir AVMS.

Rinneadh foráil i gCuid B nach mór do sholáthraithe VSPS a cheadú d'úsáideoirí ábhar srianta dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí a thuairisciú agus a mharcáil. Tugtar tuilleadh eolais faoi mholtaí an Choimisiúin i ndáil le tuairisciú agus marcáil i gcuid 5.5. den doiciméad seo.

## 5.3. Téarmaí agus Coinníollacha: Ábhar

**Ar áireamh i gCuid A?**
Tá: Le Cuid A forchuirtear oibleagáid ghinearálta ar sholáthraithe VSPS ceanglais a áireamh agus a chur i bhfeidhm i dtéarmaí agus coinníollacha na seirbhíse, de réir mar is iomchuí, chun cosaintí áirithe a chur ar fáil don phobal i gcoitinne agus do leanaí.

**Ar áireamh i gCuid B?**
Tá: Tá ceanglais i gCuid B a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha chun aghaidh a thabhairt ar ábhar físeáin srianta, ábhar srianta dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí, agus ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin a uaslódáil nó a chomhroinnt. Tá ceanglais i gCuid B freisin a bhaineann leis an gcaoi a dtugtar aghaidh le téarmaí agus coinníollacha ar rochtain leanaí ar sheirbhísí áirithe agus leis an gcaoi a gcomhlíonann úsáideoirí bearta dearbhaithe aoise. Foráiltear le Cuid B nach gcuirfear bac leis na toirmisc sin ar ábhar a uaslódáil nó a chomhroinnt mar rannchuidiú leis an dioscúrsa sibhialta, ar choinníoll go bhfuil cosaintí áirithe i bhfeidhm.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Tá oibleagáid ghinearálta i gCuid A anois go ndéanfadh soláthraithe VSPS ceanglais a áireamh agus a chur i bhfeidhm ina dtéarmaí agus coinníollacha, de réir mar is iomchuí, chun na cosaintí a leagtar amach i dTreoir AVMS a chur ar fáil

- I gcás inarb é príomhchuspóir VSPS nó cuid indealaithe de VSPS ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin a chur ar fáil (pornagrafaíocht agus foréigean gan údar), tá oibleagáid ar an soláthraí VSPS anois bac a chur, ina théarmaí agus coinníollacha, ar úsáid an VSPS nó na coda indealaithe ag leanaí.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Le Codanna 11.1 go 11.9 den dréacht-Chód comhairliúcháin leagtar amach roinnt oibleagáidí a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, lena n-áirítear toirmeasc ar ábhar mídhleathach a dhéanann díobháil don phobal i gcoitinne agus do leanaí a uaslódáil nó a chomhroinnt, chomh maith le hábhar rialaithe a dhéanann díobháil don phobal i gcoitinne.

A mhéid a bhaineann le hábhar rialaithe a dhéanann díobháil do leanaí, beartaíodh sa dréacht-Chód comhairliúcháin go dtoirmeascfaí uaslódáil nó comhroinnt ábhair den sórt sin, ach amháin, i gcás ina gcuirtear ábhar ar fáil arb é atá ann pornagrafaíocht nó foréigean tromchúiseach nó gan údar, gur beartaíodh go gcuirfeadh soláthraithe seirbhísí bearta éifeachtacha chun feidhme lena áirithiú nach mbeadh rochtain ag leanaí ar ábhar den sórt sin ná nach bhfeicfidís an t-ábhar sin de ghnáth.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Chuir roinnt freagróirí fáilte roimh an bhforáil sa dréacht-Chód comhairliúcháin gur cheart uaslódáil nó comhroinnt ábhair atá mídhleathach agus rialaithe a thoirmeasc. Bhí roinnt freagróirí den tuairim gur cheart don Choimisiún dul níos faide ar aghaidh maidir le téarmaí agus coinníollacha VSPS a leagan amach, lena n-áirítear i ndáil leis an gcaoi a ndéantar na téarmaí agus na coinníollacha sin a fhormáidiú agus a scríobh. Tharraing na freagróirí anuas an gá go mbeadh gach úsáideoir in ann ciall a bhaint as téarmaí agus coinníollacha na n-ardán. Ina thaobh sin, mhol na freagróirí cuid mhaith oibleagáidí breise a mbeidh feidhm acu maidir le téarmaí agus coinníollacha VSPS.

Tharraing aighnitheoirí eile ábhair imní anuas i ndáil leis an toirmeasc ar ábhar rialaithe a uaslódáil nó a chomhroinnt; luaigh roinnt freagróirí nach gceanglaítear ar an soláthraí "bearta iomchuí" a dhéanamh ina théarmaí agus coinníollacha ach de réir mar is praiticiúil agus is comhréireach. Go sonrach, chreid roinnt

freagróirí go raibh an toirmeasc ar ábhar rialaithe a uaslódáil nó a chomhroinnt, mar a shainmhínítear sa Chód, díréireach le cuspóir an Chóid maidir le Treoir AVMS a chur i bhfeidhm.

**Freagra an Choimisiúin**

Ceanglaítear ar an gCoimisiún faoi Airteagal 28b(3)(a) de Threoir AVMS a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 28b(1) de Threoir AVMS a áireamh agus a chur i bhfeidhm ina dtéarmaí agus coinníollacha.

Sonraítear le hAirteagal 28b(3) a thuilleadh go gcinnfear na bearta iomchuí i bhfianaise chineál an ábhair i dtrácht, an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis, saintréithe chatagóir na ndaoine a bheidh le cosaint mar aon leis na cearta agus na leasanna dlisteanacha atá i ngeall.

Measann an Coimisiún, lena áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe VSPS bearta iomchuí i bhfianaise Airteagal 28b(3)(a) de Threoir AVMS, gurb iomchuí é a chur d'oibleagáid, trí bhíthin Chuid A, go ndéanfadh soláthraithe VSPS na ceanglais a áireamh agus a chur i bhfeidhm i dtéarmaí agus coinníollacha na seirbhíse, de réir mar is iomchuí, chun cosaintí áirithe a chur ar fáil don phobal i gcoitinne agus do leanaí. Forchuirtear le Cuid A freisin oibleagáid ghinearálta ar sholáthraithe VSPS bearta iomchuí a dhéanamh chun leanaí agus an pobal i gcoitinne a chosaint ar ábhar díobhálach.

Measann an Coimisiún freisin gurb iomchuí forálacha a choinneáil i gCuid B go gceanglóidh soláthraithe VSPS, trína dtéarmaí agus coinníollacha, go gcuirfí cosc ar uaslódáil nó comhroinnt ábhair físeáin shrianta. Coinnítear an fhoráil sa Chód nach gcuirfear bac leis sin ar ábhar a uaslódáil nó a chomhroinnt mar rannchuidiú leis an dioscúrsa sibhialta, ar choinníoll go bhfuil cosaintí áirithe i bhfeidhm.

Ní mheasann an Coimisiún gur beart rialaithe *ex-ante* ná scagadh uaslódála ábhair atá i gceist le srianta den sórt sin thar a bhfuil indéanta nó comhréireach, ná ní mheasann sé go bhfuil srianta den sórt sin lasmuigh dá Straitéis Comhlíontachta Ríomhthráchtála. Is ionann téarmaí agus coinníollacha agus comhaontú idir an t-úsáideoir agus an soláthraí seirbhísí, agus ní oibleagáid ghinearálta faireacháin ar thaobh an tsoláthraí seirbhísí é ceanglas a áireamh agus a chur i bhfeidhm nach mór d'úsáideoirí a aontú nach ngabhfaidh siad d'ábhar srianta a uaslódáil ná a chomhroinnt.

## 5.4. Cuntais a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh

| **Ar áireamh i gCuid A?**<br>**Níl.**<br><br>**Ar áireamh i gCuid B?**<br>**Tá**: Le Cuid B ceanglaítear ar sholáthraithe VSPS a dtéarmaí agus coinníollacha a chur i bhfeidhm, agus soláthar seirbhísí d'úsáideoirí a sháraíonn téarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse a chur ar fionraí, tar éis rabhadh roimh ré agus ar feadh tréimhse réasúnta ama. |
|---|

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Baineadh an oibleagáid a bhaineann le cuntais úsáideoirí a fhoirceannadh de dhroim sáruithe ar théarmaí agus coinníollacha.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Foráiltear le Codanna 11.9 agus 11.10 den dréacht-Chód comhairliúcháin maidir le cuntais a mheasann siad gur sháraigh siad téarmaí agus coinníollacha na seirbhíse arís agus arís eile, is téarmaí agus coinníollacha a raibh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme faoin gCód, a bhaineann le hábhar mídhleathach agus rialaithe, go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí na cuntais sin a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Mheas roinnt freagróirí go bhfeadfadh sé gur cur chuige cosantach é cuntais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh ar mhaithe le tionchar agus comhroinnt ábhair dhíobhálaigh a íoslaghdú. Bhí tacaíocht ann do ghéarú smachtbhannaí i leith sáruithe ar théarmaí agus coinníollacha, ina bhféadfaí córas marcanna nó rabhadh a chur chun feidhme, sula ndéanfaí cuntais a chur ar fionraí nó a thoirmeasc. D'iarr na freagróirí freisin go mbeadh soiléireacht ann maidir le cineál na sáruithe arb iad is cúis le cuntais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, lena n-áirítear tagarmharcanna, coinníollacha nó tairseacha sonracha a bhainfeadh leis na sáruithe agus na nósanna imeachta ina dhiaidh sin.

Tharraing freagróirí eile ábhair imní anuas maidir leis an oibleagáid sin, agus d'áitigh siad nach ndéantar foráil maidir leis an gceanglas laistigh de Threoir AVMS, agus go gcuirfeadh an ceanglas isteach go díréireach ar shaoirse cainte úsáideoirí agus ar shaoirse rochtana ar fhaisnéis.

Thug na freagróirí dá n-aire nár cheart caitheamh go cothrom le gach catagóir ábhair dhíobhálaigh, agus, ina ionad sin, gur cheart fionraíochtaí agus foirceannadh a chur i bhfeidhm ar bhealach céimnithe, i gcomhréir leis an díobháil nó an neamhdhleathacht a bhaineann leis an ábhar nó an iompraíocht sháraitheach.

Ina theannta sin, tarraingíodh anuas nach ndéantar foráil leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ach maidir le seirbhísí a chur ar fionraí d'úsáideoirí, ní maidir lena bhfoirceannadh, agus nach ndéantar foráil leis ach maidir leis na faighteoirí seirbhísí sin a chur ar fionraí is faighteoirí a chuireann ábhar ar fáil go minic atá mídhleathach go follasach.

**Freagra an Choimisiúin**

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 28b(3)(a) de Threoir AVMS a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 28b(1) de Threoir AVMS a áireamh agus a chur i bhfeidhm ina dtéarmaí agus coinníollacha, lena gcuimsítear mionaoisigh agus an pobal i gcoitinne a chosaint ar dhíobhálacha áirithe.

Aithníonn an Coimisiún ábhair imní maidir leis an díréir a d'fhéadfadh a bheith ann maidir lena cheangal ar sholáthraithe VSPS cuntais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i leith sáruithe ar théarmaí agus coinníollacha a tharlaíonn arís agus arís eile. Aithníonn an Coimisiún freisin forálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha i ndáil le bearta agus cosaintí i gcoinne mí-úsáid seirbhísí.

Leis an dréacht-Chód athbhreithnithe baineadh an ceanglas ar sholáthraithe VSPS cuntais a fhoirceannadh i leith sáruithe ar théarmaí agus coinníollacha. Creideann an Coimisiún go bhfuil sé sin comhréireach sa mhéid go gceadaíonn sé d'úsáideoirí teacht i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha gan gá do VSPS cuntas a fhoirceannadh go huathfheidhmeach.

Measann an Coimisiún, chun lánéifeacht a thabhairt d'fhorálacha Airteagal 28b(3) i ndáil le téarmaí agus coinníollacha, gurb iomchuí a cheangal ar sholáthraithe VSPS, faoi Chuid B, a áirithiú go mbeidh iarmhairtí ann d'úsáideoirí a uaslódálann nó a chomhroinneann ábhar a sháraíonn téarmaí agus coinníollacha seirbhíse go minic. Mar sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an dréacht-Chód lena áirithiú go gcuirfidh soláthraithe VSPS a gcuid seirbhísí ar fionraí ar feadh tréimhse réasúnta ama, agus tar éis rabhadh roimh ré, d'úsáideoirí ar cinneadh ina leith gur sháraigh siad téarmaí agus coinníollacha go minic.

Níl sé beartaithe ag an gCoimisiún tagarmharcanna, coinníollacha, ná tairseacha a mholadh i gcás sáruithe nó i gcás na bpróiseas trína gcuirtear cuntais úsáideoirí ar fionraí. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún solúbthacht a chur ar fáil do sholáthraithe VSPS, ag féachaint go cuí do mhéid agus cineál na seirbhísí a chuirtear ar fáil, maidir le cur chun feidhme cheanglais an Chóid chun úsáideoirí a dhéanann ábhar sáraitheach a uaslódáil nó a chomhroinnt go minic a chur ar fionraí, agus maidir le cur i bhfeidhm téarmaí agus coinníollacha seirbhísí ag soláthraithe VSPS.

Thairis sin, measann an Coimisiún gur gá do sholáthraithe VSPS, le linn dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le cuntais úsáideoirí a chur ar fionraí, féachaint go cuí do chearta agus leasanna dlisteanacha na bpáirtithe uile lena mbaineann. Shonraigh an Coimisiún freisin nár cheart bearta den sórt sin a bheith i bhfeidhm ach amháin i gcás nach gcumhdaítear iad le bearta arna ndéanamh de bhun Airteagail 23 agus 35(1)(b) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

## 5.5. Tuairisciú agus Marcáil

**Ar áireamh i gCuid A?**
**Tá**: Tá oibleagáid ghinearálta i gCuid A go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, sásraí trédhearcacha agus soláimhsithe a bhunú agus a fheidhmiú chun go bhféadfaidh úsáideoirí ábhar dá dtagraítear in Airteagal 28b(1)(a)-(c) de Threoir AVMS a thuairisciú nó a mharcáil. Tá oibleagáid ghinearálta i gCuid A freisin go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, an éifeacht a tugadh do thuairisc nó marcáil a mhíniú d'úsáideoirí.

**Ar áireamh i gCuid B?**
**Tá**: Tá ceanglais i gCuid B ar sholáthraithe VSPS ceadú d'úsáideoirí na nithe seo a leanas a thuairisciú nó a mharcáil:

- Ábhar físeáin srianta
- Ábhar srianta dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí;
- Ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin mura gceadaítear le téarmaí agus coinníollacha na seirbhíse é; agus
- Cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá díobhálach agus srianta.

Le Cuid B sonraítear bearta breise freisin maidir leis an éifeacht a thugtar don tuairisciú nó marcáil a mhíniú, mar aon le heolas a chur ar fáil maidir le gearáin a láimhseáil.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Tá oibleagáid ghinearálta ann anois go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, sásraí a chur ar fáil chun go bhféadfaidh úsáideoirí ábhar a leagtar amach i dTreoir AVMS a thuairisciú nó a mharcáil, chun críocha Chuid A.
- Leis an dréacht-Chód athbhreithnithe ní cheanglaítear ar VSPS foráil a dhéanamh maidir le hábhar atá mídhleathach a thuairisciú ná a mharcáil, seachas an t-ábhar mídhleathach sin a thagann faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar ábhar físeáin srianta.
- Leis na sásraí tuairiscithe agus marcála a cheanglaítear faoi Chuid B, ceadófar d'úsáideoirí cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá díobhálach a thuairisciú nó a mharcáil.
- Baineadh an ceanglas a bhí ar sholáthraithe VSPS spriocanna a leagan síos maidir le tráthúlacht agus cruinneas a mhéid a bhaineann le sásraí tuairiscithe agus marcála.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Le Codanna 11.11 go 11.15 den dréacht-Chód comhairliúcháin leagtar amach roinnt oibleagáidí a bhaineann le sásraí tuairiscithe agus marcála. Áiríodh leis sin an moladh nach mór do sholáthraithe seirbhísí sásraí trédhearcacha agus soláimhsithe a chur ar fáil chun go bhféadfaidh úsáideoirí VSPS ábhar mídhleathach nó rialaithe a thuairisciú nó a mharcáil don soláthraí seirbhísí.

Beartaíodh go gceanglófar ar sholáthraithe seirbhísí míniú a thabhairt d'úsáideoirí VSPS ar cén éifeacht a tugadh dá dtuairisciú agus marcáil, chomh maith leis an úsáideoir a chur ar an eolas maidir le nósanna imeachta áirithe um ghearáin a láimhseáil. Tugtar tuilleadh eolais faoi na nósanna imeachta sin um ghearáin a láimhseáil i gcuid 5.9. den doiciméad seo.

Moladh sa dréacht-Chód comhairliúcháin freisin go leagfaidh soláthraithe VSPS spriocanna síos maidir le tráthúlacht agus cruinneas a mhéid a bhaineann le sásraí tuairiscithe agus marcála, agus go dtuairisceoidh siad don Choimisiún maidir leis na spriocanna sin.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Chuir freagróirí fáilte roimh na bearta atá beartaithe ar an mórgóir, cé go raibh roinnt daoine den tuairim gur fágadh an iomarca solúbthachta do sholáthraithe VSPS leis an dréacht-Chód comhairliúcháin a mhéid a bhain le cur chun feidhme, mar thoradh ar an easpa caighdeáin agus critéir chomónta. Mhol na freagróirí go leagfadh an Coimisiún amlínte síos i ndáil le hábhar a thuairisciú agus a mharcáil. Rinne na freagróirí roinnt moltaí sonracha a mhéid a bhaineann leis na cineálacha sásraí tuairiscithe agus marcála atá le cur chun feidhme, agus maidir leis na hábhair ba cheart d'úsáideoirí a bheith in ann a thuairisciú agus a mharcáil.

Mheas freagróirí eile go raibh na bearta beartaithe díréireach, gur sháraigh siad ceanglais Threoir AVMS, agus go raibh forluí ag baint leo le ceanglais an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, go háirithe toisc gur ceanglaíodh leis an dréacht-Chód comhairliúcháin ar ardáin tuairisciú agus marcáil ábhair mhídhleathaigh a cheadú. Mar sin, tarraingíodh ábhair imní anuas go bhféadfadh ceanglais an dréacht-Chóid comhairliúcháin i ndáil le tuairisciú agus marcáil a bheith athráiteach agus go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le héiginnteacht dhlíthiúil.

Tharraing na freagróirí ábhair imní anuas freisin i ndáil le ceanglais an dréacht-Chóid comhairliúcháin ar sholáthraithe VSPS tuairisc a thabhairt ar spriocanna maidir le tráthúlacht agus cruinneas, go bhfuil na ceanglais sin díréireach má tá tuairisciú den sórt sin riachtanach chun tagairt a dhéanamh do chatagóirí ábhair sháraithigh.

Phléigh an Coiste Comhairleach don Ógra an gá atá le tráthúlacht maidir le tuarascálacha nó marcálacha na n-úsáideoirí a réiteach, agus tharraing sé anuas an ról atá ag an idirghabháil chun fadhbanna den sórt sin a réiteach. Tharraing an Coiste anuas freisin an tsaincheist a bhaineann le cineálacha éagsúla díobhálacha a léiriú go cruinn i sásraí tuairiscithe nó marcála, sa chaoi nach gcuirfear cosc ar úsáideoirí áirithe ná ar ghrúpaí úsáideoirí ábhar a dhéanann díobháil dóibh a léiriú.

**Freagra an Choimisiúin**

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 28b(3)(d) a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, sásraí trédhearcacha agus soláimhsithe a bhunú agus a fheidhmiú chun go bhféadfaidh úsáideoirí VSPS ábhar sáraitheach a thuairisciú nó a mharcáil don soláthraí VSPS.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 28b(3)(e) freisin a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, córais a bhunú agus a fheidhmiú trína míníonn soláthraithe VSPS d'úsáideoirí VSPS an éifeacht a tugadh don tuairisciú agus marcáil sin.

Mar sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí na ceanglais sa Chód ar sholáthraithe VSPS a choinneáil lena áirithiú gur féidir le húsáideoirí ábhar físeáin srianta a thuairisciú agus a mharcáil, agus chun an éifeacht a tugadh do thuairisciú agus marcáil den sórt sin a mhíniú.

Measann an Coimisiún gur gá eolas ábhartha a chur ar fáil d'úsáideoirí i gcás ina mbíonn siad míshásta le toradh tuairisce nó marcála, ar mhaithe le cearta na n-úsáideoirí ar réiteach éifeachtach a dhearbhú. Mar sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí an fhoráil a choinneáil i gCuid B, nuair a chuirtear úsáideoirí ar an eolas faoin éifeacht a tugadh dá dtuairisc nó dá marcáil, go gcuirfidh soláthraithe VSPS an t-úsáideoir ar an eolas faoi nósanna imeachta ábhartha um ghearáin a láimhseáil.

Tugtar tuilleadh eolais faoi mholtaí an Choimisiúin i ndáil le gearáin a láimhseáil i gcuid 5.9. den doiciméad seo.

Bhain an Coimisiún an ceanglas a bhí ar sholáthraithe VSPS spriocanna a leagan síos maidir le tráthúlacht agus cruinneas a mhéid a bhaineann le sásraí tuairiscithe agus marcála, toisc go measann sé go bhfuil gá

le tuilleadh plé i dtaobh cinnteoireacht ghaolmhar maidir le modhnú ábhair. Is féidir leis an gCoimisiún a chumhachtaí bailithe eolais faoi Acht 2009 a úsáid chun sonraí ábhartha a aisghabháil ó sholáthraithe VSPS, gan oibleagáid sa Chód a fhorchur faoi láthair.

Measann an Coimisiún freisin nár iomchuí spriocanna a leagan síos maidir le tráthúlacht agus cruinneas a mhéid a bhaineann le sásraí tuairiscithe agus marcála. Measann an Coimisiún gur ghá tuilleadh plé a dhéanamh chun rialacha den sórt sin a dhéanamh, agus nach dócha go gcomhlíonfadh sprioc uilíoch maidir le tráthúlacht agus cruinneas an ceanglas a bhaineann le féachaint go cuí do mhéid agus cineál na VSPSanna éagsúla a mbeadh feidhm ag an gCód maidir leo, chomh maith le cineál na díobhála.

Thug an Coimisiún sainmhíniú isteach ar “ábhar físeáin srianta” lena dtugtar aghaidh ar chibearbhulaíocht, neamhoird ithe nó bheathaithe a chur chun cinn, féindochar agus féinmharú a chur chun cinn, agus gríosú chun fuatha agus foréigin, mar aon le hábhar coiriúil AE faoi Airteagal 28b(1)(c) de Threoir AVMS (sceimhlitheoireacht, ciníochas, seineafóibe, ábhar mí-úsáide gnéis leanaí). Mar sin, leis an dréacht-Chód athbhreithnithe ní cheanglaítear ar VSPS foráil a dhéanamh maidir le hábhar atá mídhleathach a thuairisciú ná a mharcáil, seachas an t-ábhar sin a thagann faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar ábhar físeáin srianta; mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire forálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha i ndáil le gearáin a bhaineann le hábhar mídhleathach, is forálacha nach mór d’ardáin ar líne a chomhlíonadh.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an gCód lena áirithiú gur féidir le húsáideoirí cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá díobhálach nó mídhleathach a thuairisciú agus a mharcáil, rud a léiríonn Airteagal 28b(3)(d) de Threoir AVMS ar bhealach níos dlúithe.

I ndáil leis na ceanglais maidir le spriocanna a leagan síos agus tuairisc a thabhairt ar na spriocanna céanna, tugtar tuilleadh eolais maidir le ceanglais tuairiscithe i gcuid 5.5. den doiciméad seo.

## 5.6. Fíorú Aoise

**Ar áireamh i gCuid A?**
**Tá**: Tá oibleagáid ghinearálta i gCuid A go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, córais fíoraithe aoise a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh úsáideoirí VSPS maidir le hábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta mionaoiseach. Níl féindearbhú aoise leordhóthanach chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh.

**Ar áireamh i gCuid B?**
**Tá**: Le Cuid B ceanglaítear ar sholáthraithe VSPS, is soláthraithe nach gcuireann a dtéarmaí agus coinníollacha bac ar ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin a uaslódáil nó a chomhroinnt, bearta éifeachtacha um dhearbhú aoise a chur chun feidhme lena áirithiú nach féidir le leanaí ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin a fheiceáil de ghnáth. Níl féindearbhú aoise leordhóthanach chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Tá oibleagáid ghinearálta i gCuid A anois fíorú aoise a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, i gcás ábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta mionaoiseach.
- Úsáidtear an téarma "dearbhú aoise" chun críocha Chuid B.
- Ceanglaítear dearbhú aoise anois, trí bhíthin Chuid B, i gcás VSPS nach gcuireann a dtéarmaí agus coinníollacha bac ar ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin a uaslódáil nó a chomhroinnt.
- Cuireadh deireadh leis an oibleagáid chun srian a chur le rochtain leanaí ar VSPS trí fhíorú aoise.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Le Codanna 11.16 go 11.21 den dréacht-Chód comhairliúcháin leagtar amach roinnt oibleagáidí a bhaineann le fíorú aoise; ní beart éifeachtach é féindearbhú aoise ag úsáideoirí VSPS, as féin, ar mhaithe le hoibleagáidí fíoraithe aoise a chur chun feidhme.

Áiríodh ar na hoibleagáidí beartaithe:

- Bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun úsáideoirí faoi bhun aoise a bhrath agus a gcuntais a dhúnadh, i gcás ina bhfuil aois íosta ag soláthraí seirbhísí chun cuntas a oscailt;
- Bearta éifeachtacha a chur chun feidhme lena áirithiú gur gnách nach bhfeiceann leanaí ábhar a rátáiltear mar ábhar atá mí-oiriúnach dóibh; agus
- Sásra a bhunú chun tuairisc a thabhairt ar na bearta a úsáidtear agus an chaoi a n-úsáidtear iad, meastóireacht a dhéanamh ar chruinneas agus éifeachtacht na gcóras arna gcur chun feidhme, spriocanna a leagan síos maidir le sainaithint cheart, agus meastachán a dhéanamh ar líon na n-úsáideoirí seirbhíse is leanaí.

Moladh sa dréacht-Chód comhairliúcháin freisin go gceanglófaí ar sholáthraithe seirbhísí tuairisciú don Choimisiún gach trí mhí maidir le cruinneas agus éifeachtacht na mbeart arna gcur chun feidhme, is bearta a bhaineann le fíorú aoise.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

D'eascair roinnt freagraí éagsúla as an tsaincheist a bhaineann le fíorú aoise. D'aithin roinnt mhaith freagróirí a thábhachtaí atá bearta fíoraithe aoise, agus dhiúltaigh siad d'úsáid an fhéindearbhaithe chun

críoch fíoraithe aoise. Thug na freagróirí dá n-aire freisin nach bhfuil fíorú aoise leordhóthanach ann féin lena áirithiú go bhfuil seirbhís aoisoiriúnach.

Chuir roinnt freagróirí in iúl gurbh fhearr leo an téarma “dearbhú aoise” a úsáid, agus luaigh siad gur scáth-théarma é a chuimsíonn fíorú aoise agus teicnící meastacháin aoise. Chuir na freagróirí in iúl nach gá aois úsáideora a fhíorú i ngach cás, dar leo, ag brath ar chineál an ábhair agus na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Chuir na freagróirí ábhair imní ghinearálta in iúl maidir le dearbhú aoise, go príomha i ndáil le láimhseáil agus príobháideachas sonraí, cothromú ceart, comhréireacht na mbeart atá beartaithe a mhéid a bhaineann le cuspóirí an Chóid, agus na sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar bhearta fíoraithe aoise.

Luaigh na freagróirí na caighdeáin agus na cleachtais atá ann cheana maidir le dearbhú aoise, cé go raibh difríocht sna haighneachtaí ar na bearta is éifeachtaí a d’fhéadfaí a chur chun feidhme i ndáil le dearbhú aoise.

Leag na freagróirí béim ar fhorálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha freisin i ndáil le mionaoisigh a chosaint, measúnú ar rioscaí ar ardáin, agus bearta maolaithe rioscaí a bhfuil feidhm acu maidir le VLOPanna. Mhol na freagróirí gur cheart an Cód a bheith i gcomhréir dhlúth leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ina leith sin.

Tarraingíodh ábhair imní anuas freisin maidir leis na ceanglais trédhearcachta agus tuairiscithe i gcás bearta dearbhaithe aoise arna ndéanamh ag soláthraithe VSPS. Thacaigh na freagróirí leis na cuspóirí i ndáil le trédhearcacht ar an mórgóir. D’iarr roinnt freagróirí tuairisciú níos mionsonraithe ar dhearbhú aoise, agus dúirt daoine eile go raibh roinnt mhaith de na mionsonraí a iarradh díréireach agus nach bhféadfaí iad a bhailiú.

Tharraing an Coiste Comhairleach don Ógra saincheisteanna anuas a bhaineann le láimhseáil agus príobháideachas sonraí, cothromú chearta na leanaí agus é de chuspóir iad a chosaint ar dhíobháil, an t-idirdhealú idir leanaí d’aoiseanna éagsúla, agus an gá atá le córais agus cineálacha cur chuige um fhíorú aoise a bheith simplí lena n-úsáid.

**Freagra an Choimisiúin**

Le hAirteagal 28b(3)(f) de Threoir AVMS ceanglaítear ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, córais fíoraithe aoise a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh úsáideoirí VSPS maidir le hábhar a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh d’fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta mionaoiseach. Thairis sin, luaitear i dTreoir AVMS nár cheart ábhar a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh d’fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta leanaí a chur ar fáil ach amháin ar bhealach lena n-áiritheofar nach bhfeicfidh leanaí de ghnáth é.

Mar sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí oibleagáid ghinearálta a choinneáil ar sholáthraithe VSPS córais fíoraithe aoise a bhunú agus a fheidhmiú maidir le hábhar den sórt sin.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na hoibleagáidí níos sonraí i gCuid B chun tagairt a dhéanamh do “d[h]earbhú aoise”, seachas do “f[h]íorú aoise”, mar aitheantas ar a iomchuí atá an téarma maidir le raon teicnící a ghabháil. Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-úsáidtear an téarma “fíorú aoise” i gCuid A chun teanga Threoir AVMS a léiriú.

Baineann forálacha Chuid B le dearbhú aoise a mhéid a bhaineann le hábhar físeáin do dhaoine fásta amháin. Tugtar tuilleadh eolais faoi mholtaí an Choimisiúin i ndáil le sainmhínithe i gcuid 5.2. den doiciméad seo.

Aithníonn an Coimisiún, maidir le soláthraithe ardán ar líne, agus iad ag comhlíonadh na n-oibleagáidí chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a chur ar fáil do leanaí ar a seirbhís, nach mbeidh sé d'oibleagáid orthu sonraí pearsanta breise a phróiseáil chun measúnú a dhéanamh ar cé acu is leanbh é faighteoir na seirbhíse nó nach ea. Aithníonn an Coimisiún forálacha Airteagal 28 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha ina leith sin, chomh maith le forálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Aithníonn an Coimisiún forálacha Airteagal 28b(3) de Threoir AVMS, maidir le sonraí pearsanta mionaoiseach arna mbailiú nó arna nginiúint ar shlí eile ag soláthraithe VSPS chun oibleagáidí i ndáil le dearbhú aoise nó rialúcháin tuismitheoirí a chomhlíonadh, nach bpróiseálfar chun críoch tráchtála iad. Léiríonn an Coimisiún na forálacha sin laistigh den Chód.

Tugtar tuilleadh eolais faoi mholtaí an Choimisiúin i ndáil le rialúcháin tuismitheoirí i gcuid 5.8. den doiciméad seo.

Coinníonn an Coimisiún a sheasamh ar bun nach bhfuil féindearbhú aoise éifeachtach chun aois na n-úsáideoirí a mheas go cruinn. Measann an Coimisiún nach bhféadfaí teorainn leordhóthanach a chur le neamhchosaint leanaí, nó a riosca neamhchosanta, le féindearbhú amháin, is neamhchosaint ar ábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh ar a bhforbairt coirp, meabhrach nó mhorálta – de bharr a éasca atá sé dul timpeall ar an bhféindearbhú sin.

Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí a cheangal nach mór do sholáthraithe VSPS a cheadaíonn ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin, a áirithiú, trí dhearbhú aoise, nach féidir le leanaí ábhar den sórt sin a fheiceáil de ghnáth.

I ndáil le spriocanna a leagan síos maidir le cruinneas agus éifeachtacht na mbeart dearbhaithe aoise arna gcur chun feidhme, measann an Coimisiún gur gá tuilleadh plé a dhéanamh maidir le spriocanna den sórt sin a leagan síos agus tuairiscí den sórt sin a dhéanamh. Coimeádann an Coimisiún an ceart chun a chumhachtaí bailithe eolais faoi Acht 2009 arna leasú a úsáid chun sonraí ábhartha a aisghabháil ó sholáthraithe VSPS, gan oibleagáid sa Chód a fhorchur faoi láthair.

Chuir an Coimisiún deireadh leis an oibleagáid sa Chód maidir le srian a chur le rochtain leanaí ar sheirbhísí. Aontaíonn an Coimisiún go bhféadfaí díobháil a dhéanamh nuair a bhíonn úsáideoirí faoi bhun aoise in ann cuntais a oscailt ar ardáin comhroinnte físeán.

Tá roinnt beart sa dréacht-Chód athbhreithnithe lena laghdaítear an díobháil a d'fhéadfaí a dhéanamh:

- Ceanglaítear ar sholáthraithe VSPS srianta a chur chun feidhme lena gcuirtear bac ar uaslódáil agus comhroinnt catagóirí éagsúla ábhair físeáin dhíobhálaigh, agus ábhar den sórt sin a bhaint a luaithe a chuirtear in iúl dóibh é.
- Ceanglaítear ar sholáthraithe VSPS a cheadaíonn pornagrafaíocht nó íomhánna d'fhoréigean tromchúiseach nó gan údar úsáid a bhaint as dearbhú aoise ionas nach féidir le mionaoisigh ábhar den sórt sin a fheiceáil de ghnáth.
- Ceanglaítear ar sholáthraithe VSPS a cheadaíonn úsáideoirí atá 15 bliana d'aois agus faoina bhun raon rialúchán tuismitheoirí a chur ar fáil.
- Ceanglaítear ar ardáin úsáid a bhaint as fíorú aoise, i gcás inarb iomchuí, ag brath ar mhéid agus cineál na seirbhíse, chun mionaoisigh a chosaint ar ábhar físeáin a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dá bhforbairt coirp, meabhrach agus mhorálta.

Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil forálacha sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha lena gceanglaítear ar ardáin sábháilteacht, slándáil agus príobháideachas mionaoiseach a áirithiú agus – i gcás ardáin arna n-ainmniú ag an gCoimisiún Eorpach mar Ardáin An-Mhór Ar Líne – éifeachtaí diúltacha ar mhionaoisigh a shainaithint agus a mhaolú.

Is é an éifeacht atá ag na forálacha sin ná nach mór d’ardáin bearta oiriúnacha a dhéanamh lena áirithiú nach ndéanann an bealach a n-oibríonn siad díobháil mar thoradh ar úsáideoirí faoi bhun aoise a bheith in ann cuntais a oscailt.

Tugann an Coimisiún dá aire, má cheanglaítear ar ardáin bearta fíoraithe aoise a chur chun feidhme a luaithe a chruthaítear cuntas, go bhféadfadh sé sin teacht salach ar phríobháideachas agus saoirse cainte daoine fásta agus leanaí níos sine, agus ar a gceart chun rochtain a fháil ar ábhar dleathach. Ag brath ar chineál an ardáin, d’fhéadfadh bealaí eile a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar an riosca díobhála mar thoradh ar chuntas a oscailt faoi bhun aoise.

Dá bhrí sin, ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí oibleagáid shonrach a fhorchur an tráth seo lena dtugtar sainordú do gach ardán úsáid a bhaint as fíorú aoise a luaithe a chruthaítear cuntas. Úsáidfidh an Coimisiún a chumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmithe lena áirithiú go gcomhlíonann soláthraithe seirbhísí a n-oibleagáid lena áirithiú go n-oibríonn siad ar bhealach nach ndéanann díobháil do mhionaoisigh.

## 5.7. Rátáil Ábhair

**Ar áireamh i gCuid A?**
**Tá**: Tá oibleagáid ghinearálta i gCuid A go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, córas rátála ábhair atá éasca le húsáid a bhunú agus a fheidhmiú, lena gceadaítear d'úsáideoirí VSPS ábhar dá dtagraítear in Airteagal 28b(1)(a)-(c) de Threoir AVMS a rátáil.

**Ar áireamh i gCuid B?**
**Tá**: Tá ceanglas i gCuid B, i gcás nach bhfuil téarmaí agus coinníollacha ag soláthraithe VSPS lena gcuirtear bac ar ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin a uaslódáil nó a chomhroinnt, nach mór dóibh córas rátála ábhair atá éasca le húsáid a bhunú chun ceadú d'úsáideoirí a dhéanann físeáin a uaslódáil ábhar den sórt sin a rátáil.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Soiléiriú arna chur ar fáil: tá córais rátála ábhair ann chun ceadú d'uaslódálaithe ábhair físeáin arna ghiniúint ag úsáideoirí a n-ábhar a rátáil mar ábhar do dhaoine fásta amháin.
- Foráil arna tabhairt isteach lena áirithiú gur féidir le huaslódálaithe a bheith trédhearcach ina rátálacha ábhair chun tairbhe d'úsáideoirí eile.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Moladh i gCodanna 11.22 agus 11.23 den dréacht-Chód comhairliúcháin go mbunódh agus go bhfeidhmeodh soláthraithe seirbhísí córais rátála ábhair a bheadh éasca le húsáid, rud a chuirfeadh ar chumas úsáideoirí ábhar a rátáil ó thaobh aoisoiriúnachta de, agus an aois a léiriú a gcreideann an t-uaslódálaí ina leith go bhfuil a ábhar oiriúnach di.

Moladh freisin go mbeadh na córais rátála ábhair sin oibiachtúil, agus go gcuirfeadh soláthraithe seirbhísí comhlíonadh an chórais sin ag úsáideoirí chun cinn.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Ar an mórgóir, chuir na freagróirí fáilte roimh an moladh sa dréacht-Chód comhairliúcháin go dtabharfaí isteach córais rátála ábhair, cé gur tharraing siad roinnt saincheisteanna anuas i ndáil le cumais forbartha an linbh, suibiachtúlacht na rátálacha ábhair, freagracht as rátáil ábhair, agus ailíniú le córais aicmithe aoise atá ann cheana i dtíortha éagsúla. Mhol na freagróirí saintréithe sonracha ar chreid siad gur cheart iad a leagan síos leis an gCód le haghaidh córais rátála ábhair, agus roinnt tagartha á dhéanamh do rátáil ábhair agus córais aicmithe aoise atá ann cheana.

Bhí tuairimí difriúla ag na freagróirí maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart rátálacha ábhair a theorannú d'ábhar do dhaoine fásta (i.e. ábhar d'úsáideoirí os cionn 18 mbliana d'aois). Mhol roinnt freagróirí go mb'fhéidir nach mbeadh sé indéanta rátálacha aoise gráinneacha a chur ar fáil ar an scála a bhfuil gá leis le haghaidh ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí a uaslódáiltear chuig VSPS, agus go mbeadh gá le hacmhainní daonna suntasacha chun modhnóireacht a dhéanamh.

Ina theannta sin, d'áitigh na freagróirí, má cheadaítear do gach úsáideoir ábhar a rátáil, lena n-áirítear ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí atá dodhealaithe ó ábhar físeáin, go mbeadh sé sin ina chúis le mí-úsáid, go háirithe mar thoradh ar an tsuibiachtúlacht atá i gceist. D'iarr na freagróirí nach mbeadh ach na huaslódálaithe ábhair amháin in ann an t-ábhar sin a rátáil. Cheistigh na freagróirí an chaoi a dtaispeánfaí na rátálacha ábhair ar sheirbhísí.

Tharraing na freagróirí saincheisteanna anuas a bhaineann lena chomhréirí a bheadh sé a éileamh go gcuirfí córais rátála ábhair chun feidhme i gcás ábhar a thoirmiscfí leis an dréacht-Chód comhairliúcháin nó a dhéanfaí dorochtana do leanaí.

Tharraing an Coiste Comhairleach don Ógra anuas an tsaincheist a bhaineann leis an méid agus an luas ar a gcuirtear ábhar ar fáil ar VSPS, mar aon leis na deacrachtaí a eascraíonn as sin maidir le measúnú a dhéanamh ar ábhar. Phléigh an Coiste freisin cumas na gcóras rátála ábhair maidir le hábhar grafach a chuirtear ar fáil ar mhaithe le leas stairiúil nó poiblí a chur san áireamh.

**Freagra an Choimisiúin**

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 28b(3)(g) de Threoir AVMS a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, córais atá éasca le húsáid a bhunú agus a fheidhmiú lena gceadaítear d'úsáideoirí ardán comhroinnte físeán an t-ábhar dá dtagraítear in Airteagal 28b(1) de Threoir AVMS a rátáil.

Mar sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí ceanglais a choinneáil i gCodanna A agus B le haghaidh soláthraithe VSPS lena chur ar chumas úsáideoirí ábhar ar a gcuid seirbhísí a rátáil.

Measann an Coimisiún freisin gur gá, chun na críche sin, a áirithiú trí bhíthin Chuid B gur féidir le húsáideoirí a uaslódálann ábhar físeáin é a rátáil mar ábhar do dhaoine fásta amháin agus a bheith trédhearcach i rátálacha ábhair den sórt sin chun tairbhe d'úsáideoirí eile.

I bhfianaise an ghá atá le féachaint go cuí do chineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil, foráiltear le Cuid B nach mbeidh feidhm ag ceanglais rátála ábhair ach amháin maidir leis na seirbhísí siúd a cheadaíonn ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin, mar a shainmhínítear sa Chód.

Aithníonn an Coimisiún freisin na rioscaí a bhaineann lena cheadú do gach úsáideoir an t-ábhar uile a rátáil, lena n-áirítear ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí atá dodhealaithe ó ábhar físeáin. Níl feidhm ag Cuid A maidir le hábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí atá dodhealaithe ó ábhar físeáin, agus ní shonraítear léi cé na húsáideoirí ba cheart a cheadú leis an ábhar lena mbaineann a rátáil. Foráiltear le Cuid B nach gceadódh córais rátála ábhair ach don uaslódálaí ábhair amháin an t-ábhar sin a rátáil, agus nach gcumasóidís ach físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí a rátáil.

## 5.8. Rialúcháin Tuismitheoirí

**Ar áireamh i gCuid A?**
**Tá**: Tá oibleagáid ghinearálta i gCuid A ar sholáthraithe VSPS foráil a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, maidir le córais rialúcháin tuismitheora atá faoi rialú an úsáideora deiridh, a mhéid a bhaineann le hábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta mionaoiseach.

**Ar áireamh i gCuid B?**
**Tá**: Tá ceanglais i gCuid B ar sholáthraithe VSPS, is soláthraithe a gceadaítear úsáideoirí faoi bhun 16 bliana d'aois lena dtéarmaí agus coinníollacha, go ndéanfaidís foráil maidir le córais rialúcháin tuismitheora a mhéid a bhaineann le hábhar físeáin agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta leanaí. Le Cuid B freisin leagtar amach ceanglais bhreise maidir le cuspóir, feidhm agus soláthar córas rialúcháin tuismitheoirí.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Le Cuid B sonraítear nach mór córais rialúcháin tuismitheoirí a chur ar fáil i gcás ina gceadaítear úsáideoirí faoi bhun 16 bliana d'aois le téarmaí agus coinníollacha soláthraithe VSPS.
- Le Cuid B leagtar amach na feidhmeanna íosta a shainordaítear le haghaidh córais rialúcháin tuismitheoirí.
- Oibleagáidí arna mbaint i ndáil le córais rialúcháin tuismitheoirí maidir le feidhmiúlacht nó ábhar beoshruthaithe.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Le Codanna 11.24 go 11.28 den dréacht-Chód comhairliúcháin leagtar amach roinnt oibleagáidí a bhaineann le rialúcháin tuismitheoirí. Áiríodh leis sin oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí córais rialúcháin a chur ar fáil do thuismitheoirí a mhéid a bhaineann le hábhar mídhleathach agus rialaithe, míniú d'úsáideoirí faoi na córais chéanna agus aird úsáideoirí a tharraingt orthu, agus a áirithiú go gcuirtear na córais sin ar fáil mar rogha d'úsáideoirí nua agus iad ag clárú do chuntas.

Moladh freisin go n-áiritheoidh soláthraithe seirbhísí go gceadaítear le córais rialúcháin tuismitheoirí an rogha chun leanbh a chosc ar ábhar a bheoshruthú d'úsáideoirí eile nó féachaint ar bheoshruthú ó úsáideoirí eile.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Ar an mórgóir, chuir na freagróirí fáilte roimh na moltaí sa dréacht-Chód comhairliúcháin i ndáil le rialúcháin tuismitheoirí; tugadh spreagadh don tsolúbthacht agus don chur chuige ardleibhéil. Tharraing roinnt freagróirí anuas, cé gur beart dearfach tábhachtach atá sna rialúcháin tuismitheoirí, gur cheart é a chur d'oibleagáid ar VSPS fós a áirithiú go bhfuil a seirbhís sábháilte do leanaí. Chuir na freagróirí i dtábhacht gur cheart do VSPS cloí leis an oibleagáid sin i bhfianaise fhírinní na leanaí siúd a bhféadfadh a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí ábhar díobhálach a ghiniúint, a bhfuil seans ann nach ngníomhóidís chun leasa an linbh, nó a bhfuil seans ann nach bhfuil siad i láthair i saol leanaí chun na rialúcháin tuismitheoirí sin a úsáid.

Rinne na freagróirí roinnt moltaí sonracha maidir le huirlisí agus feidhmiúlachtaí a chreid siad ba cheart a fhorchur leis an dréacht-Chód comhairliúcháin maidir le rialúcháin tuismitheoirí. Thug freagróirí eile samplaí de bhearta rialúcháin tuismitheoirí a chuir VSPS chun feidhme cheana féin.

Chuir roinnt freagróirí fáilte roimh na hoibleagáidí sa dréacht-Chód comhairliúcháin a bhaineann le beoshruthú. Mar sin féin, tharraing daoine eile ábhair imní anuas gur chosúil go raibh raon feidhme na n-oibleagáidí sin lasmuigh de cheanglais Threoir AVMS. Bhí freagróirí áirithe den tuairim nach bhfuil feidhm ag Treoir AVMS maidir le haon ábhar beoshruthaithe gan beann ar an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis. Cuireadh ábhair imní in iúl freisin go gcruthódh ceanglas den sórt sin mearbhall i measc tuismitheoirí, agus gurb é an toradh a bheadh air ná cineálacha cur chuige éagsúla trasna dlínsí, toisc go bhfuil seans ann nach gcuirfeadh VSPS nach bhfuil bunaithe in Éirinn srian le beoshruthú ar an mbealach céanna.

Chuir na freagróirí i dtábhacht an gá atá le hidirdhealú a dhéanamh idir leanaí d'aoiseanna éagsúla agus cumas forbartha leanaí a chur san áireamh. Luaigh na freagróirí, i gcás leanaí níos sine, go bhféadfadh rialúcháin tuismitheoirí cur isteach go díréireach ar chearta chun príobháideachais, saoirse cainte agus saoráil faisnéise. Thug na freagróirí dá n-aire na haoiseanna éagsúla a bhaineann le toiliú digiteach ar fud na mBallstát.

Thug na freagróirí le fios freisin gur luadh sa dréacht-Chód comhairliúcháin go mbeadh feidhm ag rialúcháin tuismitheoirí maidir le hábhar mídhleathach, is ábhar a bhfuil toirmeasc air ar scor ar bith.

**Freagra an Choimisiúin**

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 28b(3)(h) de Threoir AVMS a áirithiú go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, foráil maidir le córais rialúcháin tuismitheora atá faoi rialú an úsáideora deiridh a mhéid a bhaineann le hábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta mionaoiseach;

Mar sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí ceanglais a choinneáil sa Chód go ndéanfadh soláthraithe VSPS foráil maidir le córais rialúcháin tuismitheora atá faoi rialú an úsáideora deiridh a mhéid a bhaineann le hábhar den sórt sin.

Tugann an Coimisiún dá aire na freagraí ina n-áirítear nach mbíonn seirbhís sábháilte do leanaí de bharr rialúcháin tuismitheoirí astu féin. Ar an mbealach céanna, tugann an Coimisiún dá aire nach rud é go bhfuil na cosaintí a chuirtear ar fáil ar shlí eile le rialúcháin tuismitheoirí i bhfeidhm de dhroim na bearta eile laistigh den Chód a bheith curtha chun feidhme.

Aithníonn an Coimisiún gur ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí dlíthiúla atá an phríomhfhreagracht as tógáil agus forbairt a leanaí. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gurb iomchuí córais rialúcháin tuismitheoirí a chur ar fáil ionas gur féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí dlíthiúla a mbreithiúnas a fheidhmiú maidir le hábhar agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt a leanaí.

Mar sin, chuir an Coimisiún roinnt forálacha isteach i gCuid B lena gceanglaítear go mbeidh feidhmeanna ar leith ag córais rialúcháin tuismitheoirí lena gceadaítear don úsáideoir deiridh srianta áirithe a chur ar an ábhar a mbreathnaíonn leanaí air, lena n-áirítear teorainneacha ama, nó cosc a chur ar úsáideoirí ar bheith in ann ábhar uaslódáilte linbh a fheiceáil, is úsáideoirí nach bhfuil aithne ag an leanbh orthu.

Mar aitheantas ar na difríochtaí atá ann idir leanaí d'aoiseanna éagsúla, agus mar aitheantas ar chumais forbartha leanaí, sonraítear le Cuid B nár cheart córais rialúcháin tuismitheoirí a chur chun feidhme ach amháin maidir le húsáideoirí faoi bhun 16 bliana d'aois. Is é an rud atá beartaithe leis sin ná ceanglais Chuid B a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhréirí maidir leis na soláthraithe VSPS siúd a cheadaíonn úsáideoirí faoi 16 bliana d'aois agus maidir leis na soláthraithe sin amháin.

An tagairt d'ábhar mídhleathach sna ceanglais a bhaineann le rialúcháin tuismitheoirí, baineadh den dréacht-Chód athbhreithnithe í. Earráid dréachtaithe a bhí sa tagairt sa leagan roimhe seo den Chód.

I ndáil le beoshruthú, tá an Coimisiún den tuairim, maidir le rochtain ar ábhar den sórt sin, agus na feidhmiúlachtaí lena gceadaítear ábhar den sórt sin a chruthú agus breathnú air, go bhféadfaidh sé sin rioscaí áirithe a chruthú a bhaineann le hábhar físeáin srianta nó cumarsáid tráchtála chlosamhairc dhíobhálach a scaipeadh, de dheasca na ndeacrachtaí a bhaineann le dul i ngleic le hábhar den sórt sin san fhíor-am. Admhaíonn an Coimisiún na freagraí ar chomhairliúcháin i ndáil le beoshruthú.

Measann an Coimisiún go dtugtar aghaidh ar ábhar beoshruthaithe le fócas an Chóid ar ábhar físeáin, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-ábhar sin beo. Mar sin, níl sé beartaithe ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar bheoshruthú ar leithligh faoi láthair.

## 5.9. Gearáin

**Ar áireamh i gCuid A?**
**Tá**: Tá oibleagáid ghinearálta i gCuid A go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, nósanna imeachta trédhearcacha, éasca le húsáid agus éifeachtacha a bhunú agus a fheidhmiú chun gearáin úsáideoirí chuig an soláthraí VSPS a láimhseáil agus a réiteach maidir le cur chun feidhme beart a bhaineann le tuairisciú nó marcáil, fíorú aoise, rátáil ábhair, agus rialúcháin tuismitheoirí.

**Ar áireamh i gCuid B?**
**Tá**: Tá ceanglais i gCuid B go ndéanfaidh soláthraithe VSPS nósanna imeachta um ghearáin a bhunú agus a fheidhmiú a bhaineann le bearta áirithe a chur chun feidhme, agus sonraítear inti an bealach a gcuirtear eolas ar fáil maidir le láimhseáil gearán, mar aon leis an mbealach ar cheart gearáin a láimhseáil.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Tá oibleagáid ghinearálta i gCuid A anois maidir le láimhseáil gearán mar is iomchuí.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Le Codanna 11.29 go 11.31 den dréacht-Chód comhairliúcháin beartaíodh roinnt oibleagáidí a bhaineann le láimhseáil gearán. Áiríodh leis sin oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí nósanna imeachta a bhunú agus a fheidhmiú maidir le gearáin áirithe arna ndéanamh ag úsáideoirí a láimhseáil agus a réiteach.

Faoin dréacht-Chód comhairliúcháin, ní mór d'úsáideoirí a bheith in ann gearán a dhéanamh faoin gcaoi ar chuir soláthraithe seirbhísí a gcuid oibleagáidí chun feidhme i ndáil le:

- Tuairisciú agus marcáil;
- Fíorú aoise;
- Rátáil ábhair; agus
- Rialúcháin tuismitheoirí.

Leagadh síos sa dréacht-Chód comhairliúcháin go láimhseálfaidh soláthraithe seirbhísí gearáin ar bhealach díograiseach tráthúil neamh-idirdhealaitheach éifeachtach.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Ar an mórgóir, chuir na freagróirí fáilte roimh na moltaí sa dréacht-Chód comhairliúcháin i ndáil le láimhseáil gearán. Chuir na freagróirí imní in iúl nach ann do chaighdeáin, bonnlínte, amlínte ná próisis chomónta do VSPSanna, agus thug siad dá n-aire go bhféadfadh sé sin cosc a chur ar úsáideoirí réitigh éifeachtacha a fháil. Tharraing roinnt freagróirí ábhair imní anuas nárbh é an ceanglas nósanna imeachta a bhunú chun gearáin a bhaineann le hábhar a láimhseáil.

Chuir roinnt freagróirí i dtábhacht go raibh forluí idir na ceanglais agus próisis réitigh díospóide lasmuigh den chúirt dá bhforáiltear leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Mhol na freagróirí gnéithe sonracha de chórais láimhseála gearán ba cheart don Choimisiún a leagan síos, nó samplaí de bhearta atá VSPSanna a chur chun feidhme faoi láthair.

Cheistigh na freagróirí freisin raon na ngearán a chumhdaítear le moltaí an dréacht-Chóid comhairliúcháin, lena n-áirítear na forais ar a bhféadfaidh úsáideoirí gearáin a dhéanamh i ndáil le bearta ainmnithe a chur chun feidhme. Thug na freagróirí dá n-aire go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ann i ndáil le sásraí éifeachtacha inscálaithe um ghearáin a chur chun feidhme le haghaidh na mbeart ábhartha.

**Freagra an Choimisiúin**

Le hAirteagal 28b(3)(i) de Threoir AVMS ceanglaítear ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, nósanna imeachta trédhearcacha, éasca le húsáid agus éifeachtacha a bhunú agus a fheidhmiú chun gearáin úsáideoirí chuig an soláthraí VSPS a láimhseáil agus a réiteach maidir le cur chun feidhme beart a bhaineann le fíorú aoise, rialúchán tuismitheoirí, rátáil ábhair, agus tuairisciú agus marcáil.

Mar sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí ceanglais a choinneáil sa Chód do VSPSanna i ndáil le gearáin a láimhseáil, maidir le dearbhú aoise, rátáil ábhair, rialúcháin tuismitheoirí, agus tuairisciú agus marcáil, agus chomh maith leis sin i ndáil leis an mbealach ar cheart gearáin a láimhseáil – is é sin ar bhealach díograiseach tráthúil neamh-idirdhealaitheach éifeachtach.

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil feidhm ag forálacha Airteagal 20(1) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le gearáin áirithe, agus eisiatar le forálacha an dréacht-Chóid athbhreithnithe gearáin den sórt sin ó chur i bhfeidhm an Chóid toisc go gcumhdaítear leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha iad.

Ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí na hamlínte nó na próisis ar leith arb ionann iad agus córais láimhseála gearán a leagan amach faoi láthair, ionas go mbeidh an tsolúbthacht ag soláthraithe VSPS córais den sórt sin a struchtúrú agus méid agus cineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil á gcur san áireamh.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an dréacht-Chód lena léiriú go bhféadfaidh soláthraithe VSPS foráil a dhéanamh, más mian leo, maidir le sásraí leighis lasmuigh den chúirt a bheith ar fáil, lena n-áirítear idirghabháil, chun díospóidí a réiteach idir úsáideoirí VSPS agus soláthraithe VSPS a bhaineann le feidhmeanna áirithe de Threoir AVMS. Le sásraí den sórt sin féadfar díospóidí a réiteach ar bhealach neamhchlaonta agus ní cheilfear an chosaint dlí a sholáthraítear leis an dlí náisiúnta ar an úsáideoir. Measann an Coimisiún go léirítear ar bhealach níos fearr leis an bhforáil nua an dualgas chun próisis mhalartacha um réiteach díospóide a spreagadh, lena n-áirítear úsáid na hidirghabhála. Tugann an Coimisiún dá aire freisin forálacha Airteagal 21 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le faighteoirí seirbhísí a bheith i dteideal comhlachtaí deimhnithe um réiteach díospóide lasmuigh den chúirt a roghnú chun gearáin ábhartha a réiteach.

## 5.10. Téarmaí agus Coinníollacha: Cumarsáid Tráchtála Chlosamhairc

**Ar áireamh i gCuid A?**
**Tá**: Le Cuid A forchuirtear oibleagáidí ginearálta ar sholáthraithe VSPS bearta iomchuí a chomhlíonadh nó a dhéanamh chun Airteagal 9(1) de Threoir AVMS a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc. Tá oibleagáid ghinearálta inti go mbeadh feidhmiúlacht ag soláthraithe VSPS d'úsáideoirí a dhéanann físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí a uaslódáil chun a dhearbhú cé acu atá nó nach bhfuil cumarsáid tráchtála chlosamhairc sna físeáin sin.

Le Cuid A freisin ceanglaítear ar sholáthraí VSPS úsáideoirí a chur ar an eolas go soiléir faoi chumarsáid tráchtála chlosamhairc a bheith ann i gcás ina ndearbhaítear cumarsáid den sórt sin nó i gcás ina bhfuil eolas ag an soláthraí orthu.

**Ar áireamh i gCuid B?**
**Tá**: Le Cuid B forchuirtear oibleagáidí ar sholáthraithe VSPS a áirithiú go bhfuil cumarsáid tráchtála chlosamhairc so-aitheanta mar sin, go gceanglaítear ar úsáideoirí iad a dhearbhú faoi na téarmaí agus coinníollacha, agus gur féidir le húsáideoirí a dhéanann iad a uaslódáil iad sin a dhearbhú amhlaidh, go gcuireann an VSPS úsáideoirí ar an eolas go soiléir faoi dhearbhú den sórt sin, go dtoirmeasctar teicnící fo-thairseachúla agus cumarsáid tráchtála fholaitheach, agus go dtoirmeasctar cineálacha áirithe cumarsáide tráchtála closamhairc atá díobhálach nó srianta a uaslódáil nó a chomhroinnt.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Baineadh an oibleagáid a bhaineann le cuntais úsáideoirí a fhoirceannadh de dhroim sáruithe ar théarmaí agus coinníollacha a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc.
- Rinneadh téacs an Chóid a bhaineann le cuntais úsáideoirí a chur ar fionraí a ailíniú leis an bhfoclaíocht dá bhforáiltear in Airteagal 23 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Le Codanna 12.1 go 12.5 den dréacht-Chód comhairliúcháin leagtar amach roinnt oibleagáidí a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, go háirithe maidir le cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann an VSPS a mhargú, a dhíol ná a shocrú, lena n-áirítear:

- A áirithiú go bhfuil cumarsáid tráchtála chlosamhairc so-aitheanta mar sin;
- Cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá folaitheach nó a úsáideann teicnící fo-thairseachúla a thoirmeasc; agus
- Cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá díobhálach don phobal i gcoitinne agus do leanaí, mar a shainmhínítear áit eile sa Chód, a thoirmeasc.

Moladh freisin trí bhíthin codanna 12.10 agus 12.11 go gcuirfidh soláthraithe seirbhísí d'oibleagáid ar úsáideoirí dearbhú a dhéanamh le linn dóibh físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí a uaslódáil ina bhfuil cumarsáid tráchtála chlosamhairc, agus i gcás ina ndéanfar dearbhuithe den sórt sin, áiritheoidh an soláthraí seirbhísí go gcuirfear úsáideoirí ar an eolas go soiléir faoin dearbhú.

Luadh sa dréacht-Chód comhairliúcháin nach gcuirfear srian ar sholáthraithe seirbhísí ó chumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh alcóil, ná ní bheidh sé de cheangal orthu an chumarsáid chéanna a thoirmeasc, más rud é go gcuireann an soláthraí seirbhísí bearta éifeachtacha chun feidhme lena áirithiú nach bhfeiceann leanaí an chumarsáid sin de ghnáth.

Bhí forálacha comhchosúla i gCodanna 12.6 go 12.9 maidir le cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann an VSPS a mhargú, a dhíol ná a shocrú.

Bhí oibleagáid sa dréacht-Chód comhairliúcháin ar VSPS cuntais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh ar chinn siad ina leith gur sháraigh siad na téarmaí agus coinníollacha arís agus arís eile.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Ar an mórgóir, chuir na freagróirí fáilte roimh an moladh sa dréacht-Chód comhairliúcháin lena áirithiú go sainaithneofaí cumarsáid tráchtála chlosamhairc d'úsáideoirí, agus thacaigh siad leis an gcur chuige dhá leibhéal maidir le rialú na cumarsáide tráchtála closamhairc bunaithe ar cibé acu a dhéanann soláthraithe VSPS iad "a mhargú, a dhíol nó a shocrú".

Maidir le cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhearbhú, d'iarr roinnt freagróirí go leagfaí síos córas lipéadaithe sa Chód a bheadh le húsáid go comhsheasmhach ar fud na seirbhísí.

D'iarr na freagróirí go ndéanfaí tuilleadh mionleasuithe ar na sainmhínithe ar chumarsáid tráchtála chlosamhairc, lena n-áirítear an téarma "cumarsáid tráchtála" a shainmhíniú, agus an chumarsáid tráchtála chlosamhairc sin a dhéanann nó nach ndéanann soláthraí VSPS "a mhargú, a dhíol nó a shocrú" a shainmhíniú.

Bhí roinnt freagróirí den tuairim go raibh sé díréireach a cheangal ar sholáthraithe VSPS bearta éifeachtacha a chur chun feidhme lena áirithiú nach bhfeiceann leanaí cumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh alcóil de ghnáth. Luaigh na freagróirí nach ndéantar foráil maidir le bearta den sórt sin i dTreoir AVMS, agus nach bhfuil siad i gcomhréir le cleachtas an tionscail atá ann cheana i ndáil le rialuithe spriocdhírithe fógraíochta.

Tarraingíodh ábhair imní anuas i ndáil leis an gceanglas sa dréacht-Chód comhairliúcháin go ndéanfaí cuntais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh de dhroim sáruithe ar théarmaí agus coinníollacha; luaigh roinnt freagróirí nach ndéantar foráil maidir leis an gceanglas sin laistigh de Threoir AVMS.

Ina theannta sin, tarraingíodh anuas nach ndéantar foráil leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ach maidir le seirbhísí a chur ar fionraí d'úsáideoirí, ní maidir lena bhfoirceannadh, agus i gcás ina gcuireann úsáideoir ábhar atá mídhleathach go follasach ar fáil go minic, agus sa chás sin amháin.

Ar an mórgóir, ní raibh na freagróirí fabhrach don fhéinrialú a mhéid a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc.

Tharraing an Coiste Comhairleach don Ógra an tsaincheist anuas a bhaineann le margaíocht indíreach do dhaoine óga, lena n-áirítear táirgí alcóil. Leag an Coiste béim ar a thábhachtaí atá sé cumarsáid tráchtála seachas cumarsáid neamhthráchtála a shainmhíniú. Chuir an Coiste imní in iúl freisin i ndáil leis an bhféidearthacht go ndíreofaí fógraíocht pholaitiúil ar dhaoine óga.

**Freagra an Choimisiúin**

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 28b(2) de Threoir AVMS a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe VSPS na nithe seo a leanas:

- ceanglais Airteagal 9(1) de Threoir AVMS a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhéanann na soláthraithe VSPS sin a mhargú, a dhíol nó a shocrú; agus
- bearta iomchuí a dhéanamh chun ceanglais Airteagal 9(1) de Threoir AVMS a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann na soláthraithe VSPS sin a mhargú, a dhíol ná a shocrú.

Coinníodh na ceanglais maidir le cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhéanann an soláthraí VSPS a mhargú, a dhíol ná a shocrú.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 28b(3)(b) de Threoir AVMS a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(1) de Threoir AVMS a áireamh agus a chur i bhfeidhm ina dtéarmaí agus coinníollacha i gcás cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann an soláthraí VSPS a mhargú, a dhíol ná a shocrú.

Áirítear leis na ceanglais sin go bhfuil cumarsáid tráchtála chlosamhairc so-aitheanta mar sin, go dtoirmeasctar teicnící fo-thairseachúla agus cumarsáid tráchtála fholaitheach, agus go dtoirmeasctar cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá díobhálach. Coinníodh na ceanglais sin sa Chód. Coinníodh an ceanglas go gceanglófaí ar úsáideoirí cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhearbhú faoi na téarmaí agus coinníollacha freisin.

Le hAirteagal 28b(3)(c) de Threoir AVMS ceanglaítear ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil feidhmiúlacht ag soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, d'úsáideoirí a dhéanann físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí a uaslódáil chun a dhearbhú cé acu atá nó nach bhfuil cumarsáid tráchtála chlosamhairc sna físeáin sin chomh fada agus is eol dóibh nó gur féidir a bheith ag súil le réasún go mbeadh a fhios acu. Coinníodh an fhoráil sin sa Chód. Leis an gCód freisin ceanglaítear ar sholáthraí VSPS úsáideoirí a chur ar an eolas go soiléir faoi chumarsáid tráchtála chlosamhairc a bheith ann i gcás ina ndearbhaítear cumarsáid den sórt sin nó i gcás ina bhfuil eolas ag an soláthraí orthu.

Tugann an Coimisiún dá aire go bhforáiltear le hAirteagal 9(1) de Threoir AVMS nach spriocdhíreofar cumarsáid tráchtála chlosamhairc ar mhionaoisigh go sonrach. Níl an Coimisiún den tuairim gurb é rud atá i gceist le srian den sórt sin gur cheart soláthraithe VSPS a thoirmeasc ó fhógraí le haghaidh alcóil a cheadú. Mar sin féin, tá an Coimisiún den tuairim gur gá a áirithiú nach bhfeiceann leanaí fógraíocht den sórt sin de ghnáth. Measann an Coimisiún, trí bhíthin Chuid B, gurb iomchuí a cheangal ar sholáthraithe VSPS leanaí a chosc ar fhógraíocht den sórt sin a fheiceáil ach bearta iomchuí a chur chun feidhme.

Baineadh an oibleagáid a bhaineann le cuntais a fhoirceannadh ón roinn ábhartha de Chuid B. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an gCód chun é a chur d'oibleagáid ar sholáthraithe VSPS úsáideoirí a chur ar fionraí ar feadh tréimhse réasúnta ama, tar éis rabhadh roimh ré, de dhroim téarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse a shárú. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi mholtaí an Choimisiúin i ndáil le fionraí agus foirceannadh i gcuid 5.4. den doiciméad seo.

## 5.11. Litearthacht sna meáin

**Ar áireamh i gCuid A?**
**Tá**: Tá oibleagáid ghinearálta i gCuid A go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, foráil maidir le bearta agus uirlisí éifeachtacha um litearthacht sna meáin agus go ndéanfaidís feasacht úsáideoirí ar na bearta agus na huirlisí sin a ardú.

**Ar áireamh i gCuid B?**
**Tá**: Le Cuid B ceanglaítear ar gach soláthraí VSPS plean gníomhaíochta bliantúil a fhoilsiú ina sonraítear na bearta a dhéanfaidh sé chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Baineadh an ceanglas maidir le tuairisc a thabhairt ar thionchar na mbeart um litearthacht sna meáin den Chód.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Leagtar amach i gCodanna 13.1 go 13.2 den dréacht-Chód comhairliúcháin go gcuirfidh soláthraithe seirbhísí bearta agus uirlisí éifeachtacha um litearthacht sna meáin ar fáil, go ndéanfaidh siad bearta chun feasacht úsáideoirí orthu sin a ardú, agus go bhfoilseoidh siad plean gníomhaíochta a thabharfar cothrom le dáta go bliantúil ina sonraítear na bearta a dhéanfaidh an soláthraí seirbhísí chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn.

Moladh sa dréacht-Chód comhairliúcháin freisin go mbeadh oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí tuairisciú don Choimisiún ar thionchar na mbeart arna ndéanamh.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Ar an mórgóir, chuir na freagróirí fáilte roimh na moltaí sa dréacht-Chód comhairliúcháin i ndáil le litearthacht sna meáin. Tharraing roinnt mhaith freagróirí anuas luach na litearthachta sna meáin agus scileanna gaolmhara agus é d'aidhm fhoriomlán sábháilteacht i spásanna digiteacha a fheabhsú. Mar sin féin, thug na freagróirí le fios gur mhaith leo go ndéanfadh an Coimisiún tuilleadh forbartha ar na hoibleagáidí a bhaineann le litearthacht sna meáin; mhol roinnt freagróirí foclaíocht shonrach nó oibleagáidí sonracha a bheadh le forchur. Chuir na freagróirí tuairimí in iúl freisin maidir leis na cleachtais atá le glacadh i bpleananna gníomhaíochta na VSPSanna um litearthacht sna meáin, mar a leagtar amach sa dréacht-Chód comhairliúcháin.

Maidir leis na ceanglais a bhaineann le tuairisciú ar thionchar na mbeart arna ndéanamh agus pleananna gníomhaíochta bliantúla a leagan amach, tharraing roinnt freagróirí anuas go raibh siad díréireach le haidhmeanna an Chóid a bhaint amach. Luaigh na freagróirí gur ann do spleáchais sheachtracha maidir le tionscnaimh um litearthacht sna meáin a dhéanamh, agus gur cheart machnamh a dhéanamh le haon cheanglas den sórt sin ar mhéid agus cineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Tharraing an Coiste Comhairleach don Ógra anuas a thábhachtaí atá litearthacht sna meáin agus cumasú úsáideoirí, agus bhí sé i bhfabhar oibleagáid a chur ar sholáthraithe VSPS maidir le tacú le litearthacht sna meáin.

**Freagra an Choimisiúin**

Le hAirteagal 28b(3)(j) de Threoir AVMS ceanglaítear ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfadh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, foráil maidir le bearta agus uirlisí éifeachtacha um litearthacht sna meáin, agus go ndéanfaidís feasacht úsáideoirí ar na bearta agus na huirlisí sin a ardú.

Mar sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí ceanglais a choinneáil sa Chód go ndéanfadh soláthraithe VSPS foráil maidir le bearta agus uirlisí éifeachtacha um litearthacht sna meáin, agus go ndéanfaidís bearta chun feasacht úsáideoirí ar na bearta agus na huirlisí sin a ardú.

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil gá le trédhearcacht chun feasacht úsáideoirí ar bhearta agus uirlisí um litearthacht sna meáin a ardú.

Mar sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí ceanglas sonrach a choinneáil i gCuid B maidir le plean gníomhaíochta bliantúil a fhoilsiú ina sonraítear na bearta a dhéanfaidh soláthraí VSPS chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn.

Baineadh an oibleagáid maidir le tuairisc a thabhairt ar thionchar na mbeart arna ndéanamh um litearthacht sna meáin, toisc go measann an Coimisiún go bhfuil gá le tuilleadh plé maidir le tuairiscí den sórt sin a dhéanamh. Is féidir leis an gCoimisiún a chumhachtaí bailithe eolais faoi Acht 2009 arna leasú a úsáid chun sonraí ábhartha a aisghabháil ó sholáthraithe VSPS, gan oibleagáid sa Chód a fhorchur faoi láthair.

## 5.12. Sonraí pearsanta leanaí

**Ar áireamh i gCuid A?**
**Tá**: Le Cuid A cuirtear d'oibleagáid ar sholáthraithe VSPS, maidir le sonraí pearsanta mionaoiseach arna mbailiú nó arna nginiúint ar shlí eile ag soláthraithe de bhun bearta fíoraithe aoise nó rialaithe tuismitheoirí, gan na sonraí sin a phróiseáil chun críoch tráchtála.

**Ar áireamh i gCuid B?**
**Tá**: Le Cuid B ceanglaítear ar sholáthraithe VSPS, maidir le sonraí pearsanta leanaí arna mbailiú nó arna nginiúint ar shlí eile ag soláthraithe le linn dóibh oibleagáidí a chur chun feidhme a bhaineann le dearbhú aoise nó rialúcháin tuismitheoirí, a áirithiú nach bpróiseálann siad na sonraí sin chun críoch tráchtála.

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Ní dhearnadh aon athrú suntasach.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Le Cuid 13.3 den dréacht-Chód comhairliúcháin ceanglaíodh ar sholáthraithe seirbhísí, maidir le sonraí pearsanta leanaí arna mbailiú nó arna nginiúint le linn dóibh oibleagáidí an Chóid a bhaineann le fíorú aoise agus rialúcháin tuismitheoirí a chur chun feidhme, a áirithiú nach bpróiseáiltear chun críoch tráchtála iad.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Ar an mórgóir, chuir na freagróirí fáilte roimh na moltaí sa dréacht-Chód comhairliúcháin i ndáil le sonraí pearsanta leanaí. Mar sin féin, mhol roinnt freagróirí go n-athrófaí na moltaí lena áirithiú nach bpróiseáiltear sonraí pearsanta den sórt sin chun aon chríche seachas fíorú aoise nó rialúcháin tuismitheoirí. Rinne freagróirí moltaí i ndáil leis an gcaoi a n-oibreodh cosaint sonraí den sórt sin sa chleachtas, chomh maith le moltaí sonracha chun moltaí an dréacht-Chóid comhairliúcháin a leathnú chun an chaoi a láimhseáiltear sonraí den sórt sin a áireamh.

**Freagra an Choimisiúin**

Le hAirteagal 28b(3) de Threoir AVMS ceanglaítear, maidir le sonraí pearsanta mionaoiseach, arna mbailiú nó arna nginiúint ar shlí eile ag soláthraithe VSPS tar éis oibleagáidí i ndáil le fíorú aoise agus rialúcháin tuismitheoirí, nach bpróiseálfar chun críoch tráchtála iad, amhail margaíocht dhíreach, próifíliú nó fógraíocht dírithe ar iompar.

Mar sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí ceanglais a choinneáil sa Chód ar sholáthraithe VSPS a bhaineann le sonraí pearsanta leanaí a bhailítear nó a ghintear ar shlí eile le linn dóibh oibleagáidí a chur chun feidhme a bhaineann le fíorú aoise, dearbhú aoise, nó rialúcháin tuismitheoirí.

Tugann an Coimisiún dá aire freagraí ar chomhairliúchán a bhaineann le sonraí leanaí a phróiseáil. Níl sé beartaithe ag an gCoimisiún na forálacha ábhartha sa Chód a leathnú faoi láthair, agus tugann sé dá aire gurb é raon feidhme an Chóid ceanglais Threoir AVMS a chur i bhfeidhm.

Tugann an Coimisiún dá aire na creata dlíthiúla agus rialála atá ann cheana i ndáil le príobháideachas a bhfuil soláthraithe VSPS faoina réir cheana féin – lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus forálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha i ndáil le príobháideachas mionaoiseach, ach gan bheith teoranta dóibh.

## 5.13. Tuairisciú

| |
|---|
| **Ar áireamh i gCuid A?**<br>**Níl.**<br><br>**Ar áireamh i gCuid B?**<br>**Tá**: Tá ceanglas i gCuid B go dtabharfaidh gach soláthraí VSPS tuairisc don Choimisiún ar an gcaoi ar láimhseáil an soláthraí an chumarsáid ó úsáideoirí a dhéanann gearáin nó maidir le hábhair eile. |

| |
|---|
| **Forbhreathnú ar athruithe**<br><br>• Foclaíocht a thabhairt isteach chun ceadú don Choimisiún eatraimh eile a shonrú le haghaidh tuairisciú ar láimhseáil gearán. |

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Bhí ceanglas i gCuid 13.4 den dréacht-Chód comhairliúcháin go dtabharfaidh soláthraithe seirbhísí tuairisc don Choimisiún ar an gcaoi ar láimhseáil an soláthraí an chumarsáid ó úsáideoirí a tharraing gearáin anuas nó maidir le hábhair eile gach trí mhí.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Ar an mórgóir, chuir na freagróirí fáilte roimh oibleagáid maidir le tuairisc a thabhairt ar láimhseáil gearán.

Bhí difríocht idir tuairimí na bhfreagróirí maidir lena mhinice ba cheart tuairisc a thabhairt, agus chuir roinnt acu fáilte roimh an gceanglas maidir le tuairisc a thabhairt gach trí mhí, agus chuir daoine eile acu i dtábhacht nach raibh na moltaí sa dréacht-Chód comhairliúcháin i gcomhréir le forálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha.

D’iarr na freagróirí soiléireacht freisin maidir le cineál na n-ábhar a d’fhéadfadh teacht faoi raon feidhme an tuairiscithe, lena n-áirítear cineál na ngearán a d’fhéadfaí a bhreithniú, cineál na n-ábhar eile a d’fhéadfaí a bhreithniú, agus an modh chun tuairisc a thabhairt, atá le sonrú ag an gCoimisiún.

Rinne roinnt mhaith freagróirí moltaí maidir le hábhair, formáid agus foilsiú an tuairiscithe sin.

**Freagra an Choimisiúin**

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 28b(5) de Threoir AVMS na sásraí is gá a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá na bearta arna ndéanamh ag soláthraithe VSPS. Tá an Coimisiún den tuairim gur gá do sholáthraithe VSPS tuairisciú ar ghnéithe éagsúla dá gcuid gníomhaíochtaí ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá na bearta.

Le Cuid 139K(6) den Ghníomh freisin ceanglaítear go gcuirfí de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí faoi Chód tuairisc a thabhairt don Choimisiún ar eatraimh nach faide ná trí (3) mhí i ndáil le gearáin a láimhseáil nó ábhair eile.

Mar sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí an ceanglas a choinneáil i gCuid B go dtabharfadh soláthraithe seirbhísí tuairisc ar an gcaoi a láimhseálann siad cumarsáid ó úsáideoirí a tharraingíonn gearáin anuas nó maidir le hábhair eile. Mar sin féin, ar mhaithe le méid áirithe solúbthachta a thabhairt isteach, thug an Coimisiún foclaíocht isteach lena gceadaítear eatraimh thuairiscithe a shonrú seachas gach trí (3) mhí, go ginearálta nó maidir le soláthraí VSPS ar leith.

Is mian leis an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh a thuilleadh ar an mbealach tuairiscithe is gá, agus tá sé beartaithe aige dul i dteagmháil leis na soláthraithe VSPS lena mbaineann, ag féachaint go cuí do mhéid agus cineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil i ngach cás.

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi mholtaí an Choimisiúin i ndáil le gearáin i gcuid 5.9. den doiciméad seo.

## 5.14. Maoirseacht agus forfheidhmiú an Chóid

**Ar áireamh i gCuid A?**
**Tá**: Tá roinn i gCuid A a bhaineann le "Comhlíontacht agus Forfheidhmiú".

**Ar áireamh i gCuid B?**
**Níl.**

**Forbhreathnú ar athruithe**

- Tugadh soiléiriú i gCuid A lena lua go mbeidh mainneachtain ag soláthraí VSPS chun cloí leis an gCód ina sárú chun críocha Chuid 8B d'Acht 2009.
- Baineadh an achoimre a bhí ann roimhe seo ar nósanna imeachta maoirseachta agus forfheidhmithe de théacs an Chóid. Tá feidhm ag na nósanna imeachta reachtúla a bhfuil tuairisc orthu fós.

**Moltaí le haghaidh Comhairliúchán Poiblí**

Le Cuid 14 den dréacht-Chód comhairliúcháin rinneadh achoimre ar na forálacha dlíthiúla atá mar bhonn taca faoi chumas an Choimisiúin maoirsiú agus forghníomhú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chóid.

**Forbhreathnú ar thuairimí**

Ar an mórgóir, thacaigh na freagróirí leis na forálacha maoirseachta agus forfheidhmithe a leagtar amach sa dréacht-Chód comhairliúcháin.

D'iarr na freagróirí tuilleadh soiléireachta a mhéid a bhaineann leis an gcaoi a n-oibreodh na forálacha sa chleachtas, agus fócas ar leith ann ar an trédhearcacht a eascraíonn as na forálacha sin, chomh maith le smachtbhannaí a ghearradh agus úsáid smachtbhannaí riaracháin airgeadais. Mhol roinnt freagróirí bealaí chun na forálacha sin a ailíniú le creataí dlíthiúla eile atá ann cheana.

**Freagra an Choimisiúin**

Is achoimre a bhí sna forálacha maoirseachta agus forghníomhaithe sa dréacht-Chód comhairliúcháin ar an reachtaíocht lena gceadaítear cumhachtaí agus gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina leith sin. Níl sé de chumhacht ag an gCoimisiún an reachtaíocht a bhfuil achoimre uirthi sa dréacht-Chód comhairliúcháin a leasú.

Ó tharla gur achoimre ar nósanna imeachta a bhí sa chuid den dréacht-Chód comhairliúcháin, seachas aon oibleagáid neamhspleách a bheadh le forchur ar sholáthraithe VSPS faoin dréacht-Chód, measann an Coimisiún gurb iomchuí an chuid sin a bhaint den dréacht-Chód athbhreithnithe. Cuirtear an achoimre ar fáil lena ceadú in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

Is ar mhaithe le doiciméad an dréacht-Chóid athbhreithnithe a chuíchóiriú a dhéantar amhlaidh, agus léiríonn sé gur cheart do sholáthraithe VSPS, i ngach cás, tagairt a dhéanamh do na forálacha reachtacha sonracha agus comhairle a fháil ina leith seachas tagairt a dhéanamh d'achoimre arna hullmhú chun eolas a chur ar fáil amháin.

Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, deimhníonn an Coimisiún go leanann na forálacha ábhartha – Cuid 8B d'Acht 2009 – d'fheidhm a bheith acu. Rinne an Coimisiún soiléiriú freisin i gCuid A den dréacht-Chód athbhreithnithe gur sárú chun críocha Chuid 8B den Ghníomh é gan an Cód a chomhlíonadh.

# Iarscríbhinn 1: Ábhair le breithniú a dhéanamh orthu

Leis an gCuid seo déantar achoimre ar bhreithniú an Choimisiúin ar na hábhair atá le meas le linn Cóid Sábháilteacht Ar Líne a ullmhú, de bhun chuid 139M den Ghníomh.

## Fianaise

Le linn don Choimisiún an dréacht-Chód Sábháilteachta Ar Líne arna athbhreithniú a ullmhú, chuaigh sé i mbun gníomhaíochtaí sonracha bailithe fianaise, is gníomhaíochtaí a chuir lena chinnteoireacht:

**An Glao ar Ionchuir maidir leis an gCéad Chód Ceangailteach um Shábháilteacht ar Líne in Éirinn do Sheirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán a Fhorbairt (Iúil 2023)**

Seoladh Glao an Choimisiún ar Ionchuir an 11 Iúil 2023 agus iarradh freagraí faoin 4 Meán Fómhair 2023. Fuair an Coimisiún 55 aighneacht i scríbhinn ó raon freagróirí.

Leis an doiciméad Glao ar Ionchuir leagadh amach roinnt saincheisteanna agus cuireadh 23 cheist ghaolmhar, lenar cumhdaíodh tosaíochtaí agus cuspóirí don chéad chód sábháilteachta ar líne, na cineálacha díobhálacha atá le sainaithint, a mhéid ba cheart an cód a mhionsonrú, sineirgí leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, na cineálacha ábhair nach mór aghaidh a thabhairt orthu, na cineálacha gnéithe sábháilteachta ar líne atá le sainordú mar chuid den chód, na cineálacha beart atá le sainordú i ndáil le téarmaí agus coinníollacha seirbhísí, modhnóireacht ábhair, agus gearáin, chomh maith le comhlíontacht, mar aon le hábhair eile.

D'ullmhaigh CommSol achoimre ar na freagraí ar an nGlao ar Ionchuir ar bhonn neamhspleách agus tá sé ar fáil anseo.

**Athbhreithniú ar Fhianaise ar Dhíobhálacha ar Líne do Sheirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán, arna dhéanamh ag PA Consulting ("Tuarascáil PA ar Dhíobhálacha") (Meán Fómhair 2023)**

Cheap an Coimisiún PA Consulting chun tabhairt faoi athbhreithniú litríochta ar an bhfianaise a bhí ar fáil a bhain le díobhálacha ar líne ar VSPSanna. Cuireadh an t-athbhreithniú sin ar fáil don Choimisiún mar shainchomhairle neamhspleách sa chaoi go gcuirfí bonn eolais faoi chur chuige an Choimisiúin i leith rialú VSPS. Is meiteastaidéar atá sa tuarascáil ina ndéantar coimriú agus anailís ar thorthaí ó staidéir agus foilseacháin líonmhara Éireannacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus ba é ab aidhm dó measúnú cothromaithe a chur ar fáil agus aitheantas á thabhairt an tráth céanna do theorainneacha na sonraí atá ar fáil maidir le gnéithe áirithe de dhíobhálacha ar líne.

Is féidir teacht ar thuarascáil PA ar Dhíobhálacha anseo.

**Taighde ar Shábháilteacht Ar Líne 2023 (Samhain 2023)**

Chun tuilleadh eolais a bhailiú faoi thuairimí an phobail maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a rialú, cheap an Coimisiún IPSOS B&A chun tabhairt faoi dhá shuirbhé thar a cheann.

Sa chéad suirbhé díríodh ar an úsáid a bhaineann an pobal as suíomhanna gréasáin agus aipeanna a chuireann físeáin ar fáil. Díríodh sna ceisteanna, i measc ábhair eile, ar a mhinice a úsáidtear suíomhanna gréasáin agus aipeanna agus a mhinice a bhreathnaítear ar fhíseáin nó a dhéantar iad a chomhroinnt nó a uaslódáil.

Sa dara suirbhé díríodh níos mó ar na díobhálacha a d'fhéadfaí a chur faoi deara de dhroim ábhar físeáin agus ar fhreagraí rialála ar na díobhálacha féideartha sin. Rinneadh iniúchadh ar thionchar díobhálach

féideartha ar ghrúpaí áirithe sa tsochaí agus iarradh tuairimí na bhfreagróirí freisin maidir le cé ba cheart a bheith freagrach as cosaint a thabhairt.

Is féidir teacht ar chóipeanna de na freagraí ar na suirbhéanna anseo (Cuid 1) agus anseo (Cuid 2).

**Freagraí ar chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin ar an dréacht-Chód (Nollaig 2023 - Eanáir 2024)**

Is é an comhairliúchán poiblí ábhar an doiciméid seo.

**Comhairliúchán an Choimisiúin leis an gCoiste Comhairleach don Ógra ar an dréacht-Chód**

Féach cuid 1.2. den doiciméad seo.

## Ábhair shonracha le breithniú a dhéanamh orthu faoi 139M

**A inmhianaithe atá sé go mbeadh próisis chinnteoireachta thrédhearcacha ag seirbhísí maidir le seachadadh ábhair agus modhnóireacht ábhair;**

Leag na freagróirí ar an nGlao ar Ionchuir agus ar an gcomhairliúchán poiblí béim ar an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht agus cuntasacht ar fud raon beart atá le tabhairt isteach mar chuid d'aon Chód Sábháilteachta Ar Líne.

Le cuid 7.1 de Thuarascáil PA ar Dhíobhálacha soláthraítear achoimre ar an bhfianaise atá ar fáil maidir lena inmhianaithe atá sé go mbeadh próisis chinnteoireachta thrédhearcacha ag seirbhísí maidir le seachadadh ábhair agus modhnóireacht ábhair.

Le Cuid 2 den Taighde ar Shábháilteacht Ar Líne 2023 suíodh go ndúirt 85% de na freagróirí go raibh "modhnóireacht éifeachtach thráthúil ábhair" fíor-riachtanach chun úsáideoirí meán sóisialta a choinneáil sábháilte, agus dúirt 79% de na freagróirí go raibh "láimhseáil éifeachtach thráthúil gearán" fíor-riachtanach chun úsáideoirí meán sóisialta a choinneáil sábháilte.

Tugann an Coimisiún dá aire Réamhaithrisí agus forálacha éagsúla an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú sa timpeallacht ar líne. Le hAirteagal 28b(3)(d) de Threoir AVMS sonraítear gur cheart sásraí tuairiscithe agus marcála a bheith trédhearcach, agus le hAirteagal 28b(3)(i) de Threoir AVMS sonraítear gur cheart na nósanna imeachta um ghearáin a láimhseáil agus a réiteach a bheith trédhearcach.

Tar éis an fhianaise sin a chur san áireamh, d'fhorchuir an Coimisiún sraith oibleagáidí chun trédhearcacht a thabhairt isteach i seachadadh ábhair agus modhnóireacht ábhair, lena n-áirítear na cinn siúd a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha seirbhísí, córais rátála ábhair, córais láimhseála gearán, córais tuairiscithe agus mharcála, agus oibleagáidí ar sholáthraithe maidir le tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a láimhseálann siad an chumarsáid ó úsáideoirí a tharraingíonn gearáin anuas.

**Tionchar na cinnteoireachta uathoibrithe ar na próisis sin.**

Leag na freagróirí ar an nGlao ar Ionchuir agus ar an gcomhairliúchán poiblí béim ar ról na gcóras moltóirí agus na cinnteoireachta algartamaí i seachadadh ábhair, go háirithe ábhar díobhálach, agus i modhnóireacht ábhair.

Le cuid 7.2 de Thuarascáil PA ar Dhíobhálacha soláthraítear achoimre ar an bhfianaise atá ar fáil ar thionchar na cinnteoireachta uathoibrithe maidir le próisis seachadta ábhair agus modhnóireachta ábhair arna n-úsáid ag seirbhísí ar líne. Cuirtear i dtábhacht inti freisin go sainaithnítear beartais agus próisis um mhodhnóireacht ábhair mar ghné VSPS a d'fhéadfadh díobháil a chumasú i gcás sé cinn de na deich

ndíobháil arna bpróifíliú sa tuarascáil, agus gur féidir le córais moltóirí, is príomh-mhodh seachadta ábhair, díobháil a chumasú i gcás seacht gcinn de na deich ndíobháil arna bpróifíliú sa tuarascáil.

Suíodh i gCuid 2 den Taighde ar Shábháilteacht Ar Líne 2023 gur bhraith 39% de na freagróirí nach raibh a ndóthain smachta acu ar na físeáin a chonaic siad ar na meáin shóisialta. Dúirt 82% de na freagróirí freisin go raibh sé fíor-riachtanach ábhar mídhleathach nó díobhálach a bhrath go huathoibríoch chun úsáideoirí meán sóisialta a choinneáil sábháilte.

Tugann an Coimisiún dá aire forálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha i ndáil le córais moltóirí, go háirithe measúnuithe riosca a bhaineann le córais algartamacha agus moltóirí, agus ceanglais maidir le trédhearcacht na gcóras moltóirí.

Ní raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún na hoibleagáidí a bhaineann le “bearta forlíontacha” a thabhairt isteach a áiríodh ina pháipéar comhairliúcháin ó mhí na Nollag, agus ní áirítear na hoibleagáidí sin sa dréacht-Chód athbhreithnithe. Admhaíonn an Coimisiún an méid freagraí a fuarthas i ndáil le córais moltóirí go háirithe, agus creideann sé gur fiú tuilleadh plé a dhéanamh ar rialacha a dhéanamh ina leith sin.

Tá na hoibleagáidí sa dréacht-Chód athbhreithnithe neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Ní fhéachann an Cód le tionchar a imirt ar úsáid na bpróiseas uathoibrithe ar mhaithe le dul i bhfeidhm ar mhodhnóireacht nó seachadadh ábhair. Mar shampla, leis an gCód ceadaítear do sholáthraithe VSPS bearta éifeachtacha um dhearbhú aoise a dhéanamh ar a bhféadfaí meastachán aoise a áireamh trí bhíthin modhanna uathoibrithe.

**An gá atá le haon fhoráil den Chód a bheith comhréireach ag féachaint do chineál agus scála na seirbhísí lena mbaineann an Cód.**

Chuir an Coimisiún san áireamh na haighneachtaí don Ghlao ar Ionchuir agus don chomhairliúchán poiblí a bhaineann le cur i bhfeidhm comhréireach an Chóid, go ginearálta agus i ndáil le forálacha sonracha araon.

Le hathstruchtúrú an Chóid ina “Cuid A” agus ina “Cuid B”, forchuirtear na hoibleagáidí ginearálta i gCuid A “mar is iomchuí”. Cuireadh soiléiriú ar fáil sa dréacht-Chód athbhreithnithe gurb ionann na “bearta iomchuí” arna ndéanamh ag VSPS agus na cinn siúd a bhfuil an Coimisiún sásta go bhfuil siad indéanta agus comhréireach, agus má thagann saincheisteanna chun cinn a mhéid a bhaineann lena oiriúnaí atá na bearta, gur faoin gCoimisiún a bheidh sé ar deireadh cinneadh a dhéanamh ina leith.

Rinne an Coimisiún breithniú ar chur i bhfeidhm comhréireach na n-oibleagáidí ar sholáthraithe VSPS, agus áirítear leis sin tagairt shonrach do mhéid agus cineál na seirbhísí a mbeadh feidhm ag an dréacht-Chód athbhreithnithe maidir leo. I measc samplaí sonracha, tá:

- Deimhnítear sa Chód, le linn don Choimisiún neamhchomhlíontacht nó gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a chinneadh, go bhféachfaidh sé go cuí do cé acu atá nó nach bhfuil sé sásta nach mbeadh oibleagáid shonrach, nó sna himthosca áirithe, comhlíonadh oibleagáide sonraí, faoin gCód indéanta nó comhréireach ina chur i bhfeidhm ar an VSPS, agus méid an VSPS agus cineál na seirbhíse á gcur san áireamh;
- An t-idirdhealú sa Chód idir na soláthraithe VSPS siúd a cheadaíonn “ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin” ar a seirbhís, agus na soláthraithe siúd nach gceadaíonn, agus seachnaítear oibleagáidí a bhaineann le hábhar físeáin do dhaoine fásta amháin a chur i bhfeidhm maidir leis na soláthraithe siúd nach gceadaíonn an t-ábhar sin; agus
- Athbhreithniú ar na forálacha maidir le córais rialúcháin tuismitheoirí, sa chaoi nach gceanglófar ach ar na soláthraithe siúd a gceadaíonn a dtéarmaí agus coinníollacha úsáideoirí faoi bhun 16 bliana d’aois foráil a dhéanamh maidir leis na córais sin.

**Leibhéil infhaighteachta ábhair dhíobhálaigh ar líne ar sheirbhísí ainmnithe ar líne.**

Leag na freagróirí ar an nGlao ar Ionchuir agus ar an gcomhairliúchán poiblí béim ar raon ábhair dhíobhálaigh is rochtana ar VSPS.

Cuirtear fianaise ar fáil i dTuarascáil PA ar Dhíobhálacha i ndáil le forleithne na ndíobhálacha ar líne in Éirinn, agus déantar iniúchadh inti ar dheich bpróifíl díobhála:

- ábhar ar líne trína ndéanann duine bulaíocht nó náiriú ar dhuine eile;
- ábhar ar líne trína gcuireann duine chun cinn nó trína dtugann sé spreagadh d'iompraíocht atá mar shaintréith de neamhord beathaithe nó itheacháin;
- ábhar ar líne trína gcuireann duine chun cinn nó trína dtugann sé spreagadh d'fhéindochar nó d'fhéinmharú, nó trína gcuireann sé eolas maidir le modhanna ábhartha ar fáil;
- ábhar eile ar líne a dhéanann díobháil d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta mionaoiseach;
- ábhar ar líne trína ngríosaíonn duine chun fuatha nó foréigin;
- colanna a bhaineann le sainaithint íospartach, amhrastach nó daoine leochaileacha ar líne;
- ábhar ar líne atá bainteach le sceimhlitheoireacht;
- ábhar ar líne atá bainteach le mí-úsáid ghnéis ar leanaí;
- ábhar ar líne trínarb ionann iompar duine agus ciapadh nó cumarsáid dhíobhálach;
- ábhar ar líne atá bainteach le cumarsáid tráchtála chlosamhairc.

Suíodh le Cuid 1 den Taighde ar Shábháilteacht Ar Líne 2023 go ndúirt 36% de na freagróirí go bhfaca siad, le seachtain anuas, físeán ar na meáin shóisialta a d'fhág gur bhraith siad míchompordach, trína chéile nó diúltach ar bhealach éigin; dúirt 49% díbh gur tharla a leithéid dóibh le mí anuas; agus dúirt 62% gur tharla a leithéid dóibh le bliain anuas. Le Cuid 2 den Taighde ar Shábháilteacht Ar Líne 2023 suíodh go ndúirt 87% de na freagróirí nach ndearna cuideachtaí meán sóisialta a ndóthain chun úsáideoirí meán sóisialta a choinneáil sábháilte.

Tagann an gCoimisiún ar an gconclúid, ón bhfianaise atá ar fáil, go bhfuil ábhar díobhálach ar fáil go forleathan ar líne, lena n-áirítear ar VSPSanna. Leis an dréacht-Chód athbhreithnithe tugtar aghaidh ar roinnt mhaith de na cineálacha ábhair dhíobhálaigh a liostaítear thuas.

**Leibhéil riosca neamhchosanta ar ábhar díobhálach ar líne agus seirbhísí ainmnithe ar líne á n-úsáid.**

Leag na freagróirí ar an nGlao ar Ionchuir agus ar an gcomhairliúchán poiblí béim ar raon bealaí a bhféadfadh úsáideoirí a bheith neamhchosanta ar ábhar díobhálach ar líne agus VSPS á úsáid acu.

Le cuid 7.4 de Thuarascáil PA ar Dhíobhálacha tugtar breac-chuntas ar achoimre ar fhianaise i ndáil le hinfhaighteacht, riosca neamhchosanta, agus riosca díobhála ó ábhar díobhálach ar líne. I ndáil leis an riosca neamhchosanta, luaitear i dTuarascáil PA ar Dhíobhálacha gur féidir an riosca neamhchosanta a chruthú, a laghdú nó a bhaint le gnéithe VSPS.

Rinne an Coimisiún oibleagáidí a fhorchur maidir le srianta ar ábhar físeáin díobhálach trí bhíthin an dréacht-Chóid athbhreithnithe chun an riosca neamhchosanta ar ábhar díobhálach den sórt sin a theorannú agus VSPS á úsáid. Leis an dréacht-Chód athbhreithnithe forchuirtear bearta freisin a cháilíonn an rochtain ar ábhar – mar shampla, trí bhíthin rátáil ábhair, bearta dearbhaithe aoise, nó rialúcháin tuismitheoirí, chun teorainn a chur leis an riosca a bhaineann do leanaí maidir le neamhchosaint ar ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin agus VSPS á úsáid.

**Leibhéil riosca díobhála, agus go háirithe díobháil do leanaí, ó infhaighteacht ábhair dhíobhálaigh ar líne nó ó neamhchosaint air.**

Leag na freagróirí ar an nGlao ar Ionchuir agus ar an gcomhairliúchán poiblí béim ar raon bealaí a bhfuil sé baolach go gcasfaí díobháil ar úsáideoirí, lena n-áirítear leanaí, trí ábhar ar líne nó neamhchosaint air.

Leagadh amach i dTuarascáil PA ar Dhíobhálacha, i gcás gach próifíle díobhála, an riosca díobhála, na gnéithe lenar féidir an riosca díobhála a chur faoi deara ar VSPS, agus bearta freagartha sonracha chun dul i ngleic le díobhálacha. Le cuid 7.4 den Tuarascáil freisin tugtar breac-chuntas ar achoimre ar fhianaise i ndáil le hinfhaighteacht, riosca neamhchosanta, agus riosca díobhála ó ábhar díobhálach ar líne. I ndáil le riosca díobhála, cuirtear i dtábhacht sa Tuarascáil an méid a chuireann tosca imthoisceacha agus pearsanta leis, lena n-áirítear teaghlach, pobal, cultúr, oideachas agus feasacht, idirghabhálacha rialála, míchumas, aois, agus stádas socheacnamaíoch.

Le Cuid 2 den Taighde ar Shábháilteacht Ar Líne 2023 suíodh go ndúirt 78% de na freagróirí go raibh an-imní orthu faoin díobháil a d'fhéadfaí a dhéanamh do leanaí de dheasca na meán sóisialta. Suíodh freisin go ndúirt 68% de na freagróirí go raibh an-imní orthu go bhféadfadh físeáin ar na meáin shóisialta tionchar diúltach a imirt ar mheabhairshláinte daoine aonair, agus dúirt 46% de na freagróirí go raibh an-imní orthu go bhféadfadh físeáin ar na meáin shóisialta tionchar diúltach a imirt ar shláinte fhisiciúil nó sábháilteacht daoine aonair.

Rinne an Coimisiún oibleagáidí a fhorchur maidir le srianta ar ábhar físeáin díobhálach trí bhíthin an dréacht-Chóid athbhreithnithe chun an riosca díobhála a íoslaghdú, agus go háirithe díobháil do leanaí, ó ábhar díobhálach a bheith ar fáil agus an riosca neamhchosanta ar VSPSanna. Leis an dréacht-Chód athbhreithnithe cuirtear cosaintí ar fáil do leanaí ar ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin, amhail trí bhíthin rátáil ábhair, dearbhú aoise, agus rialúcháin tuismitheoirí. Leis an dréacht-Chód athbhreithnithe freisin cuirtear cosaintí ar fáil do leanaí ar chumarsáid tráchtála chlosamhairc atá díobhálach.

**Cearta soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne agus cearta úsáideoirí na seirbhísí sin.**

Le codanna 7.5 agus 7.6 de Thuarascáil PA ar Dhíobhálacha tugtar breac-chuntas ar chearta na n-úsáideoirí agus ar chearta na soláthraithe seirbhísí is infheidhme.

Tugann an Coimisiún dá aire freisin go sonraítear le Treoir AVMS go gcinnfear na bearta iomchuí chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 28b(1) agus (2) i bhfianaise na gceart agus na leasanna dlisteanacha atá i ngeall, i measc nithe eile, lena n-áirítear na cinn siúd atá ag soláthraithe VSPS, na húsáideoirí a chruthaigh nó a d'uaslódáil an t-ábhar, chomh maith le leas an phobail i gcoitinne.

Tugann an Coimisiún dá aire, sa chuid laistigh den dréacht-Chód athbhreithnithe "Prionsabail Rialála is Ábhartha don Chód", go gcuirtear i dtábhacht a chuid breithnithe i ndáil le cearta soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne agus cearta úsáideoirí na seirbhísí sin.

Chuir an Coimisiún na cearta is infheidhme san áireamh le linn dó an dréacht-Chód athbhreithnithe a fhoirmliú agus ghlac sé cur chuige tríd ar fad ina ndéantar cearta a chothromú, lena n-áirítear cearta na n-úsáideoirí agus na soláthraithe seirbhísí. I measc samplaí sonracha, tá:

- D'aithin an Coimisiún cearta leanaí, tuismitheoirí agus caomhnóirí le linn dó oibleagáidí maidir le rialúcháin tuismitheoirí a dhréachtú;
- D'aithin an Coimisiún cearta na n-úsáideoirí chun príobháideachais agus eolais le linn dó oibleagáidí maidir le dearbhú aoise a dhréachtú; agus
- D'aithin an Coimisiún cearta na soláthraithe seirbhísí is infheidhme le linn dó forálacha comhlíontachta agus forfheidhmithe an Chóid a dhréachtú, agus aird ar leith á tabhairt aige ar oiriúnacht agus comhréireacht na mbeart atá ar áireamh sa dréacht-Chód athbhreithnithe.

**An straitéis Comhlíontachta Ríomhthráchtála arna hullmhú ag an gCoimisiún.**

Tugann an Coimisiún dá aire go gcuirtear i dtábhacht leis an gcuid “Straitéis Comhlíontachta Ríomhthráchtála” laistigh den dréacht-Chód athbhreithnithe ailíniú an Chóid le Straitéis Comhlíontachta Ríomhthráchtála an Choimisiúin arna foilsiú.

# Iarscríbhinn 2: Maoirsiú agus Forfheidhmiú

De ghrá na héascaíochta, cuirtear achoimre ar fáil sa chuid seo ar an nós imeachta um fhorfheidhmiú i leith an Chóid. Níl sé beartaithe go gcuirfear an achoimre seo in ionad aon fhorála den Ghníomh, ná go dteorannóidh ná go n-athróidh sí aon fhoráil, agus níl sé beartaithe go bhfeidhmeodh an achoimre seo mar threoir ná mar rialacha a mhéid a bhaineann le hoibriú aon imscrúdaithe.

Faoi alt 139O den Ghníomhaireacht, féadfaidh an Coimisiún, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar sholáthraí seirbhíse ainmnithe ar líne eolas a chur ar fáil don Choimisiún a bhaineann le comhlíonadh cóid sábháilteachta ar líne ag an soláthraí i gcaitheamh aon tréimhse ama, agus féadfaidh sé a cheangal go gcuirfear eolas den sórt sin ar fáil ar bhonn tréimhsiúil ar feadh sraith tréimhsí.

Is col é nach gcomhlíonfadh soláthraí fógra eolais den sórt sin gan leithscéal réasúnach a bheith aige nó, má mhaítear go gcomhlíontar an fógra eolais sin, go gcuirfeadh sé eolas bréagach ar fáil, agus fios aige go bhfuil sé bréagach nó é meargánta i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil sé bréagach.

Faoi alt 139P den Ghníomh, féadfaidh an Coimisiún duine a cheapadh chun iniúchadh a dhéanamh:

- lena chur ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Chóid ag an soláthraí, is forálacha a bhaineann le láimhseáil cumarsáide trína dtarraingíonn úsáideoirí gearáin anuas nó maidir le hábhair eile a bhaineann le seirbhísí ainmnithe ar líne le soláthraithe na seirbhísí sin; agus
- eolas a chur ar fáil don Choimisiún chun aon treocht i ngearáin nó ábhair eile a tharraingítear anuas trí bhíthin cumarsáid den sórt sin a d’fhéadfadh a bheith ábhartha d’fheidhmeanna an Choimisiúin a shainaithint.

Féadfaidh an Coimisiún, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar sholáthraí seirbhíse ainmnithe ar líne comhoibriú le haon duine a cheapfar chun iniúchadh den sórt sin a dhéanamh. Is col é nach gcomhlíonfadh soláthraí fógra den sórt sin gan leithscéal réasúnach a bheith aige.

Faoi alt 139Q den Ghníomh, beidh mainneachtain ag soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán chun cloí le forálacha an Chóid seo ina sárú chun críocha Chuid 8B den Ghníomh.

I gcás ina bhfuil cúis amhrais ann go bhfuil sárú ar an gCód seo, tabharfar faoi imscrúdú ach fógra a thabhairt don soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán agus cuirfidh oifigeach údaraithe tuarascáil ar fáil a sholáthrófar don Choimisiún.

Tabharfar deis don soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán aighneachtaí a dhéanamh ar an dréacht-tuarascáil sula dtabharfar chun críche í agus sula gcuirfear faoi bhráid an Choimisiúin í.

Tar éis don Choimisiún an tuarascáil a fháil, tabharfaidh sé deis don soláthraí aighneachtaí a dhéanamh ar cibé bealaí is iomchuí leis.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh ina dhiaidh sin ar cé acu is dóichí nó nach dóichí go bhfuil sárú déanta ag an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán ar an gCód seo agus, más amhlaidh, cé acu a fhorchuirfidh nó nach bhforchuirfidh sé smachtbhanna airgeadais riaracháin.

Tabharfar fógra i scríbhinn faoin gcinneadh agus na cúiseanna atá leis don soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán. Má chinneann an Coimisiún gur cheart feidhm a bheith ag smachtbhanna airgeadais riaracháin, iarrfar aighneachtaí leis an bhfógra i ndáil le méid an smachtbhanna, *inter alia*.

Ní sháróidh méid smachtbhanna airgeadais riaracháin:

- i gcás duine aonair, €20,000,000, nó
- i gcás soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán nach duine aonair é, €20,000,000 nó, más mó, 10 faoin gcéad dá láimhdeachas ábhartha sa bhliain airgeadais roimh dháta an chinnidh.

Le linn don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le méid an smachtbhanna airgeadais riaracháin a bheidh le cur i bhfeidhm, féachfaidh sé do na tosca a leagtar amach sa Ghníomh.

Féadfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán an cinneadh a achomharc chun cúirte ar na forais a leagtar amach sa Ghníomh agus ní bheidh éifeacht le cinneadh an Choimisiúin mura ndeimhnítear é ar achomharc nó ar iarratas achomair chuig an gCúirt Chuarda.

Má tá an Coimisiún den tuairim go bhfuiltear ag leanúint den sárú, féadfaidh sé fógra a eisiúint chun deireadh a chur leis an sárú. Aon soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán nach gcomhlíonann fógra gan leithscéal réasúnach a bheith aige, beidh sé ciontach i gcol faoin nGníomh.

Más rud é, le linn imscrúdú nó eile, go bhfeictear don Choimisiún gur ábhar díobhálach ar líne é ábhar atá ar fáil ar sheirbhís ainmnithe ar líne, féadfaidh an Coimisiún fógra um theorannú ábhair a eisiúint do sholáthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán.